

CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE**Raffaele FITTO****Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe****1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeiféa freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?

Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?

Bhí mé ag éirí aníos nuair a bhí scoilt dhomhain san Eoraip agus bhí m'oidreachas bunaithe ar urraim do na luachanna agus na prionsabail atá cumhdaithe sna Conarthaí Eorpacha: an tsaoirse, an daonlathas, an smacht reachta, an t-íolrachas, an comhionannas, an meas ar dhíon an duine, cosaint na gceart sibhialta, agus an comhionannas idir na mná agus na fir.

Thosaigh mé ar mo ghairmréim pholaitiúil sa pháirtí 'Democrazia Cristiana' a raibh a luachanna ina luachanna agamsa, a ghairm Eorpach san áireamh. Ar feadh mo ghairmréime bhí poist agam ar leibhéal éagsúla. Ar an leibhéal áitiúil, toghadh mé ar dtús mar Chomhalta de Thionól Réigiúnach Puglia in 1990, agus, dá éis sin, mar Uachtarán an Réigiúin in 2000. Chomh maith le bheith i m'fheisire de Pharlaimint na hIodáile arís agus arís eile, bhí mé i m'Aire Gnóthaí Réigiúnacha agus Aonad Áitiúil Féinrialaitheacha (2008), i m'Aire Comhtháthúcháin (2010), agus tá mé i m'Aire um Ghnóthaí Eorpacha, um an Deisceart, um an mBeartas Comhtháthúcháin agus um an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta ó bhí 2022 ann. Ar an leibhéal Eorpach, toghadh mé den chéad uair mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa in 1999 agus ansin arís in 2014 agus in 2019. Ó 2000 go 2005, bhí mé i mo chomhalta de Choiste na Réigiún ina raibh mé i m'Uachtarán ar an gCoiste um Beartas Comhtháthaithe Chríochoigh ó 2002 go 2004.

Táim ag tacú go láidir leis an tionscadal Eorpach riamh anall, agus le bunphrionsabail agus bunluachanna an smachta reachta arb iad an taca faoin tionscadal sin iad. Sa mhór-roinn seo atá ag teacht as cogadh fionaiólach uafásach, tá comhtháthú na hEorpa ina bhealach chun tosaigh nach raibh a leithéid ann riamh roimhe, agus, i dteannta na comhghuaillíochta Eora-Atlantá, is é an phríomhuirlis é lenar féidir a chinntiú go mbeidh síocháin, agus sábháilteacht ann do mhuintir na hEorpa agus go mbeidh dea-bhaíl agus rath orthu. Léiríonn ionsaí brúidiúil na Rúise ar an Úcráin agus an choinbhleacht sa Mheán-Oirthear nár cheart talamh slán a dhéanamh den mhéid sin. Is iad ár n-aontacht agus ár ndiongbháilteacht na hairm is fearr atá againn chun na gnóthachain sin agus na luachanna ar a bhfuil siad bunaithe a chaomhnú.

Le linn dom a bheith ag feidhmiú sna ról éagsúla a bhí agam, fuair mé eolas pearsanta agus bhí an deis agam 'taithí' a fháil ar an mbeartas comhtháthaithe agus forbartha réigiúnaí ó pheirspictíochtaí éagsúla, mar Uachtarán réigiúin agus mar Aire sa chaoi go raibh mé ag glacadh páirte mar chomhalta den fhoirmíocht ábhartha den Chomhairle. Agus mé i m'fheisire de Pharlaimint na hEorpa, bhí mé i mo chomhalta den Choiste REGI agus lean mé an beartas comhtháthaithe mar chomhalta de Choiste na Réigiún.

Is colún bunúsach de thionscadal an Aontais é an beartas comhtháthaithe. Sa litir ainmniúchán a chuir sí chugam, shonraigh an tUachtarán toghaí von der Leyen gurb é a bhí i gceist leis an gcomhtháthú Eorpach, an Eoraip a

thabhairt níos gaire do na saoránaigh agus na saoránaigh a thabhairt níos gaire dá chéile.’ Táim ag teacht leis sin, agus má dheimhnítear m’ainmniúchán, beidh mé iomlán tiomanta a bheith ag obair i dtreo na sprice sin.

Sna 5 bliana amach romhainn, beidh dúshláin mhóra roimh an Aontas Eorpach, ar nós an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, na slándála i gcomhthéacs casta geopholaitiúil, athsheoladh iomaíocht an Aontais i ngeilleagar domhanda a mbíonn athruithe ag teacht go tiubh air, chosaint ár samhla sóisialta agus ár ndaonlathais agus an ullmhúcháin don mhéadú atá le teacht. Sa chreat sin, ba cheart an beartas comhtháthaithe a bheith ag cur le cuspóirí an Aontais Eorpaigh, de réir na hachóimre sna treoirlínte polaitiúla a chuir an tUachtarán toghaí, von der Leyen, i láthair. Sa chomhthéacs sin, beidh sé ríthábhachtach a chinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha againn agus go mbeimid ag obair i gcomhar le chéile chun buiséad daingean a bhaint amach.

De bharr na taithí atá agam mar an tAire ar a raibh cúram Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hIodáile, an plean ba mhó den chineál sin san Eoraip, chonaic mé na deiseanna móra a chuireann NextGenerationEU ar fáil don Aontas Eorpach, chomh maith leis na dúshláin agus na gnéithe íogaire a bhaineann leis an gcomhthionscadal mór stairiúil sin.

Tá sé de rún agam, má dheimhnítear m’ainmniúchán, úsáid a bhaint as an taithí sin trí bheith ag obair i gcomhar leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht chun go gcuirfear i gcrích na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí comhaontaithe atá leagtha amach i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta gach Ballstáit faoi sprioc-am caiteachais 2026, mar atá sonraithe sa litir mhisin a cuireadh chugam.

Le linn mo ghairmréime, ghlac mé páirt ar leibhéal éagsúla san iomad beartais Eorpacha agus d’aithin mé a thábhachtaí atá sé ceapadh agus cur chun feidhme na mbeartas sin a chomhordú. Geallaim, má dheimhnítear m’ainmniúchán ionas go ndéanfar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin díom go n-oibreoidh mé i gcomhar leis na comhghleacaithe agam ar a mbeidh cúram na Talmhaíochta agus an Bhia, na Soghluaisteachta agus na Turasoireachta Inbhuanaithe, an Iascaigh agus an Gheilleagair Ghoirm, agus réimsí eile, chun go gcomhtháthófar na beartais sin agus go n-oibreoidh siad go sineirgiteach le chéile chun cur le rath an Aontais Eorpaigh agus a shaoránach.

Táim iomlán tiomanta don chomhionannas inscne mar go greidim, ní hamháin go bhfuil sé de dhualgas orainn aird a thabhairt air, ach gur mór an deis é ar fheidhmiú aon sochaí a chur chun cinn chomh maith. Dá bhrí sin, táim tiomanta comhionannas inscne ar leibhéal na ceannaireachta a chur chun cinn, agus sin a chinntiú i mo *Cabinet* i dtús báire, agus mé dearfa de go dtiocfaidh struchtúr níos éifeachtúla as sin lenar féidir na hógairachtaí éagsúla a léiriú atá riachtanach le haghaidh na cinnteoireachta is fearr is féidir a bheith ann. Oibreoidh mé chun a chinntiú go mbeidh gné na hinscne san áireamh sa bheartas comhtháthaithe agus i ngach réimse eile de mo shainchúraimí.

Táim ag spreagadh daoine óga riamh anall agus ag infheistiú iontu mar go ndéanann siad an tsochaí níos sláintiúla, níos nuálaí agus níos dinimiciúla. I gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla an Uachtaráin toghaí von der Leyen, geallaim go mbeidh sé ina thosaíocht i leith gach gné de mo shainchúraimí go mbeidh tuairimí na ndaoine óga comhtháite i múnú na mbeartas. Is deis den scoth a bheidh san Idirphlé leis an Aos Óg ar éisteacht le riachtanais agus barúlacha daoine óga. Dá bhrí sin, táim ag súil go mór leis an gcéad idirphlé a reáchtáil laistigh de 100 lá ó thiocfaidh mé in oifig.

Is le leas an phobail amháin a ghníomhaigh mé riamh. Má dheimhnítear m’ainmniúchán ionas go mbeidh mé i mo Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, is le leas na hEorpa amháin a fheidhmeoidh mé mo dhualgais agus cloífidh mé go hiomlán le héirim agus le fuarlitir na gConarthaí, go háirithe na hoibleagáidí atá sonraithe in Airteagal 17, mír 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Bhí an neamhspleáchas riamh ina shainghné de mo ghníomhartha, idir phearsanta agus pholaitiúil, agus, mar chomhalta den Choimisiún, ní iarrfaidh mé ná ní ghlacfaidh mé le teagasc ó aon Bhallstát, aon institiúid ná aon chomhlacht eile. Cloífidh mé go dlúth leis an gCód Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach agus na forálacha atá ann maidir le coinbhleachtaí leasa. Geallaim go nuashonróidh mé gan aon mhoill mo dhearbhu leasanna má theastaíonn aon athrú air.

2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa

An féidir leat gealltanais a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?

Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtach? Maidir le

tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?

Geallaim go gcuirfidh mé, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, faisnéis chuimsitheach mhionsonraithe ar fáil faoi na bearta a bhaineann le mo chúraimí.

Gníomhaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, de bharr an chaidrimh institiúidigh atá eatarthu le fada, i ndlúthchomhar le chéile, mar gur faoin dá institiúid atá sé an toil comhtháthú a dhéanamh agus an spiorad Eorpach a aistriú ina gníomhartha. Níl sé de rún agam imeacht ón bhfís sin.

Ar an gcúis sin, creidim chomh maith go bhfuil sé ríthábhachtach a chinntiú go mbeidh an Coimisiún trédhearcach le Parlaimint na hEorpa agus cuntasach di. Tar éis dom a bheith i m'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa le linn tuilleadh agus 10 mbliana agus i m'Aire um Ghnóthaí Eorpacha, um an Deisceart, um an mBeartas Comhtháthúcháin agus um an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, measaim go bhfuil sé ríthábhachtach a chinntiú go nglacfaidh sí páirt leordhóthanach chun go mbeidh na dea-thorthaí is dual dó ar an bpróiseas reachtach daonlathach.

Dar liom féin, níor cheart cuntasacht don Pharlaimint a bheith teoranta do chinntí a thuairisciú, ach go bhfuil gá le síorphlé torthúil chomh maith, plé arb é bunús an dea-rialaithe é. Beidh sé ríthábhachtach an plé sin a chur ar bun i bhfíorthosach mo thréimhse sainordaithe.

Dearcfaidh mé ar an bParlaimint agus ar an gComhairle araon mar dhá institiúid atá lán chomh tábhachtach le chéile agus iad ag gníomhú mar chomhreachtóirí, agus cinnteoidh mé go léireofar an prionsabal sin nuair a bheifear ag roinnt faisnéis ábhartha leo a bhaineann le mo réimse inniúlachta. Ní hamháin gur oibleagáid dhlíthiúil é sin; is buncheanglas é ar chomhalta den Choláiste atá cuntasach go díreach d'fheisirí tofa Pharlaimint na hEorpa.

Sna treoirilínte agus sa litir mhisin ón Uachtarán toghaí von der Leyen, tá béim curtha ar an rún an caidreamh speisialta idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a láidriú. Creidimse go hiomlán san fhís sin chomh maith agus cinnteoidh mé go mbeidh sreabhadh tráthrialta faisnéise ar bun leis na coistí parlaiminteacha agus cuirfidh mé mé féin ar fáil le haghaidh cruinnithe déthaobhacha. Glacfaidh mé páirt go tráthrialta i gcaibidlíocht idirinstiúideach agus, nuair a iarrfar orm é, freastalóidh mé ar sheisiúin iomlánacha agus ar idirphlé struchtúrtha coistí parlaiminteacha. Ar a bharr sin, cinnteoidh mé go dtabharfar freagraí tapa cruinne ar cheisteanna ó chomhaltaí coiste a bhaineann le mo shainchúraimí.

Chun an trédhearcacht a chinntiú, beidh mé faoi réir chun idirphlé struchtúrtha a réachtáil leis na coistí parlaiminteacha ábhartha agus cloífidh mé go hiomlán le forálacha an Chreat-Chomhaontaithe maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, chomh maith leis an gComhaontú Idirinstiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Gheall an tUachtarán toghaí von der Leyen go gcinnteoidh sí go leanfaidh na Coimisinéirí de fhreagra a thabhairt ar rúin parlaiminteacha arna nglacadh ag formhór a feisirí le tograí reachtacha a bheidh ag teacht go hiomlán le prionsabal na comhréireachta, prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal na reachtóireachta níos fearr. Ina theannta sin, creideann an tUachtarán toghaí gur gá an comhar a bhfuil a choimre air in Airteagal 225 CFAE a neartú agus molann sí go láidir do na Coimisinéirí páirt a ghlacadh in idirphlé struchtúrtha le coistí parlaiminteacha maidir leis na rúin a bheidh i gceist. Tacaím go hiomlán leis na spriocanna sin, agus, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis an bParlaimint ag gach céim den phlé faoi rúin. Tar éis dom a bheith i m'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa ar feadh i bhfad, creidim go diongbháilte go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar thorthaí ár gcuid oibre.

Tacaím go mór le fís an Uachtaráin toghaí von der Leyen maidir lena thábhachtaí atá sé a bheith i láthair ar an talamh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallfaidh mé go dtabharfaidh mé cuairt go tráthrialta ar na Ballstáit agus na réigiúin iontu chun torthaí an Bheartais Comhtháthaithe a mheas. Beidh sé ríthábhachtach bualadh le saoránaigh ar fud an Aontais, i gcathracha agus i gceantair thuaithe ar lú a ndaonra.

An tacaíocht a thugann an tAontas d'athchóirithe agus infheistíochtaí marthanacha agus a chuireann go díreach le láidriú fhás na hEorpa, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh sé di sna míonna amach romhainn. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, i gcomhréir leis na Conarthaí, beidh sé ríthábhachtach oibriú i sineirgíocht le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus le Coiste na Réigiúin. Beidh sé tábhachtach freisin éisteacht le glór na réigiúin aonair agus na n-eintiteas áitiúil, a bhfuil a chuid íogaireachtaí agus sonraíochtaí féin ag gach ceann acu, chun a chinntiú go gcuirfear a gcuid riachtanas san áireamh go leordhóthanach agus beartas comhtháthaithe láidrithe

nuachóirithe á dhearadh. Ba mhór an onóir dom a bheith ag obair sa Choimisiún Eorpach, institiúid ríthábhachtach i gcáil chaomhnóir na gConarthaí. Ar mhaithe le leas coiteann an Aontais, cosnóidh mé ár luachanna agus gníomhóidh mé i gcónaí i gcomhréir le prionsabal na coláisteachta. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le comhaltaí eile an Choláiste chun na tosaíochtaí a shainaithin an tUachtarán von der Leyen a bhaint amach.

Ceistanna ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

3. Todhchaí an bheartais comhtháthaithe - na príomhcheachtanna a foghlaimíodh - simpliú

Cad í an fhís atá agat do thodhchaí an bheartais comhtháthaithe tar éis 2027 agus cad iad na príomhcheachtanna ba cheart a bheith foghlamtha ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit ó na clárthréimhsí roimhe seo i ndáil leis sin, dar leat? An measann tú go bhfuil na cuspóirí maidir le héagothromaíochtaí réigiúnacha agus comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a shárú baili agus conas a áiritheoidh tú go léireofar an prionsabal 'gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú' sa Chreat Airgeadais Ibhliantúil (CAI) atá ar na bacáin? An leanfaidh tú de sheasamh leis an mbeartas comhtháthaithe mar shásra infheistíochta agus dlúthpháirtíochta do na réigiúin uile, agus conas a áiritheoidh tú forbairt na réigiún beagfhorbartha agus conas a thabharfaidh tú freagairt leordhóthanach ar na dúshlán atá os comhair na gceantar uirbeach? Conas a chosnóidh tú príomhchuspóir an bheartais comhtháthaithe agus conas a áiritheoidh tú imchúlúch buiséadach láidir faoi thogra CAI? Ag an am céanna, conas a mhéadóidh tú a sholúbthacht chun riachtanais atá ag teacht chun cinn a bhainistiú, a thrédhearcacht a fheabhsú, dlús a chur leis na próisis cur chun feidhme agus a shimpliú a áiritiú? Go háirithe, ar cheart cisti an bheartais chomhtháthaithe a athchóiriú bunaithe ar shamhail fheidhmiúchtbhunaithe atá cosúil leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)? Sa chomhthéacs sin, conas a dhéanfaidh tú leanúnachas an Bheartais Chomhtháthaithe a ráthú, a chuspóirí tosaigh a chaomhnú, agus a áiritiú go n-urramófar le bainistiú agus cistiú an bheartais amach anseo samhail na bainistíochta comhroinnte, an cur chuige áitbhunaithe, an rialachas il-leibhéil agus prionsabail na comhpháirtíochta, agus go gcaomhnófar ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach? An bhféachfaidh tú ar shásra éifeachtach a chruthú faoin gcéad chlárthréimhse airgeadais eile le haghaidh rochtain dhíreach ar chistí comhtháthaithe ag údarás réigiúnacha agus áitiúla, cathracha agus bardais i ngach Ballstát, bunaithe ar a riachtanais forbartha shonracha?

Tá an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach ar cheann de phríomhchuspóirí an Aontais agus tá sé ríthábhachtach ó thaobh forbairt iomlán agus rathúnas marthanach an Aontais de. Leis an mBeartas Comhtháthaithe cuirtear bunluachanna an Aontais Eorpaigh, mar atá aontacht, dlúthpháirtíocht agus cothromas le haghaidh na réigiún uile, i bhfeidhm. Nuair a neartaítear an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, feabhsaítear an táirgiúlacht, an nuálaíocht agus an iomaíocht. An fhís atá agam i leith an bheartais comhtháthaithe tar éis 2027, tá sí dírithe ar an gcóineasú, ar neamhionannas idir na réigiúin a laghdú agus ar thacú leis na réigiúin uile - go háirithe na réigiúin beagfhorbartha - chun a chinntiú go mbeidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach marthanach ann. Is deis atá sa chéad Chreat Airgeadais Ibhliantúil (CAI) eile ar bheartas comhtháthaithe agus fáis neartaithe nuachóirithe a dhearadh i gcomhpháirtíocht leis na húdarás náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Ní mór an beartas comhtháthaithe sa chéad CAI eile a bheith i gcomhréir le tosaíochtaí níos leithne de chuid an Aontais. Ní mór é a bheith níos dírithe agus níos simplí agus ní mór tionchar níos mó a bheith aige. Rachaimid i ngleic le neamhionannais réigiúnacha agus shóisialta trí réitigh shaincheaptha a chur ar fáil ar dhúshlán áitiúla agus réigiúnacha agus trí chuidiú le réigiúin, na hoileáin agus na réigiúin is forimeallaí san áireamh, teacht cothrom le dáta. Mar chuid den phróiseas sin, beidh orainn athchóirithe agus infheistíochtaí a chur ag obair chun cuidiú a thabhairt an rud a thógáil is gá chun go mbeidh rath ar phobal.

Tá an Beartas Comhtháthaithe fréamhaithe ina bhunluachanna: an cur chuige áitbhunaithe, an rialachas il-leibhéil agus an chomhpháirtíocht. Agus CAI tar éis 2027 á fhorbairt againn, cinnteoidh mé go gcaomhnófar na prionsabail bhunaidh sin. Ní mór na húdarás réigiúnacha agus áitiúla a bheith i gceol dhéaradh agus chur chun feidhme na bpleananna chun a chinntiú go mbeidh an úinéireacht chomh leathan agus is féidir. Ní mór a bheith in ann an Beartas Comhtháthaithe a oiriúnú do dhúshlán atá ag teacht chun cinn ar nós an athraithe aeráide, an chlaochlath dhigitigh, na n-athruithe déimeagrafacha agus an cuimsiú sóisialta a dhaingniú. De bharr na ndúshlán sin a bhíonn ag síor-athrú, ní mór dúinn a bheith solúbtha réamhbhreathnaitheach fós, agus a bheith dílis don Bheartas Comhtháthaithe san am céanna mar gur cloch choirnéil é ag aontacht agus láidreacht an Aontais.

Cé nach féidir a dhiúltú go bhfuiltear ag déanamh dul chun cinn, tá neamhionannais idir na réigiúin ann fós, agus bíonn neamhionannais nua ag teacht chun cinn, agus roinnt réigiún gan aon bhorradh fúthu de bharr na ndúshlán atá rompu, úsáid éifeachtach acmhainní go háirithe. Ní leor infheistíochtaí amháin. Ba cheart infheistíochtaí agus athchóirithe a bheith ag oibriú i dteannta a chéile chun dul i ngleic le dúshlán atá ann le fada chun dlús a chur le teacht le chéile ár réigiún i dtreo an fheabhsaithe agus le hinfeistíochtaí a sholáthar ar an talamh. Chun go mbeidh fás réigiúnach marthanach, ní mór cur chuige níos cothromaithe a bheith ann ina mbeidh an creat rialála ceart, an

fothú acmhainneachta agus an phleanáil straitéiseach san áireamh. Tá neartú acmhainneachtaí riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha agus feabhsú na rialála lán chomh ríthábhachtach le bainistiú éifeachtach cistí, cur chun feidhme athchóirithe agus baint amach torthaí nithiúla.

Ní mór simpliú níos mó a dhéanamh, an t-ualach riaracháin a laghdú agus tairbhíthe a chumasú - fiontair bheaga agus mheánmhéide agus pobail áitiúla go háirithe - chun gur féidir leo cistí a rochtain ar bhealach níos éifeachtúla. Nuair a dhéanfar próisis a chuíchóiriú, maorlathas a laghdú agus trédhearcacht a fheabhsú le fíoruithe bainistíochta riosca-bhunaithe agus rialacha incháilitheachta a ailíniú a thuilleadh, beidh an rochtain i bhfad níos éasca. Nuair a thabharfar údarais áitiúla agus réigiúnacha isteach sna próisis chinnteoireachta ag céim níos luaithe, cinntefar go n-úsáidfead cistí ar bhealach níos éifeachtaí, go mbeidh ailíniú níos fearr ann le riachtanais réigiúnacha, agus go gcumasófar gníomhaithe áitiúla a thuilleadh i leith a bhforbairt féin a mhúnlú. Cuspóir ríthábhachtach eile is ea an fheidhmíocht. Ba cheart difear a dhéanamh le gach Euro as buiséad an Aontais. Ar a bharr sin, ní mór dúinn a bheith níos fearr ag cur in iúl do shaoránaigh uile an Aontais cé na tionscadail a fhaigheann maoiniú as buiséad an Aontais. Agus sinn ag féachaint chun tosaigh, ba cheart dúinn ceachtanna a fhoghlaim ón taithí atá againn ar shamhlacha eisíocaíochta simplithe, mar gur laghdaíodh an t-ualach riaracháin go mór leo gan dochar a dhéanamh don mhaoirseacht airgeadais. Beidh na hathruithe sin ríthábhachtach maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe: a dhéanamh níos solúbtha agus níos freagrúla.

Nuair a bheifear ag meabhrú ar thodhchaí an bheartais comhtháthaithe, ní mór smaoinemh ar roghanna éagsúla, buntáistí gach rogha acu a mheas agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara ábhartha a chur san áireamh. Teastóidh trédhearcacht uainn faoi fhaighteoirí deiridh cistí ón Aontas chun gur féidir inrianaitheacht agus cuntasacht a bheith ann agus beidh orainn caíonna a aimsiú chun an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe agus údarais cur chun feidhme a theorannú. Beidh orainn freisin measúnú a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun an beartas comhtháthaithe a dhéanamh níos solúbtha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

Tá an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát comhfhreagrach as an gcomhtháthú a chothú. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le mo chomh-Choimisinéirí chun a chinntiú go mbeidh an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach lárnach fós sa chéad CAI eile.

Leanfar de bheith ag tacú leis na réigiúin uile leis an mBeartas Comhtháthaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar na réigiúin bheagfhorbartha. Sna réigiúin sin, is éard a bheidh ina thosaíocht againn, infheistíochtaí a dhéanamh lena bhfeabhsófar rochtain ar an bhfostaíocht, ar sheirbhísí agus ar an mbonneagar, agus a chinntiú maidir leis na réigiúin atá ar gcúl i leith an aistriithe ghlais agus an aistriithe dhigitigh go bhfaighidh siad an tacaíocht is gá.

Tá dúshláin ar leith roimh na ceantair uirbeacha - ó thithíocht inacmhainne go plódú agus inbhuanaitheacht comhshaoil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, molfaidh mé Clár Oibre Beartais le haghaidh Cathracha a bheidh cuimsitheach agus a chuirfidh fíis shoiléir ar fáil i leith forbairt uirbeach, a shaineoidh an cur chuige a bheidh ag an Aontas i leith fás uirbeach inbhuanaithe agus a dhéanfaidh bearta áitiúla nithiúla as tosaíochtaí an Aontais. Chun a chinntiú nach bhfágfar aon chathair ar deireadh, ní mór úinéireacht a bheith ag cathracha agus bailte móra ar dhearadh beartas agus cur i bhfeidhm beartas araon agus páirt a ghlacadh go gníomhach iontu. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, táim tiomanta oibriú i ndlúthchomhair le Parlaimint na hEorpa chun a chinntiú go mbeidh rochtain níos éifeachtaí ag cathracha agus údarais áitiúla agus réigiúnacha ar chistiú.

4. Nasc le hathchóirithe, an smacht reachta, an Seimeastar Eorpach, coinníollacht

Leagtar béim sa Naoú Tuarascáil faoin gComhtháthú ar an ngá atá le féachaint ar bhealaí chun an nasc idir infheistíochtaí agus athchóirithe a neartú a thuilleadh chun tionchar an bheartais comhtháthaithe a uasmhéadú. Tá imní ann, áfach, go bhféadfaí cuspóirí an bheartais comhtháthaithe, mar a leagtar amach in Airteagal 174 agus in Airteagal 175 CFAE iad, a chur i mbaol trí choinníollachtaí a thabhairt isteach. Dá bhrí sin, an dtacaíonn tú le nasc níos láidre a thabhairt isteach idir cistiú an bheartais comhtháthaithe agus athchóirithe náisiúnta tábhachtacha? Más amhlaidh an cás, cad iad na cineálacha athchóirithe ba cheart a nascadh le rochtain ar chistiú? An bhfuil tú ag smaoinemh ar an rochtain ar chistiú a nascadh leis an Seimeastar Eorpach nó leis an gcoinníollacht mhaicreacnamaíoch go háirithe? An gcinnteoidh tú nach ngearrfar pionós díréireach ar Bhallstáit nó ar réigiúin a bhfuil cumas teoranta riaracháin acu? An bhfuil sé i gceist agat an nasc idir an beartas comhtháthaithe agus comhlíonadh an smachta reachta a threisiú, trí chur i bhfeidhm níos déine na gcoinníollacha cumasúcháin cothrománacha a shforfheidhmiú, go háirithe cur chun feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh? Ar deireadh, conas a chinnteoidh tú nach gcuirfidh drogall na rialtas náisiúnta athchóirithe áirithe a dhéanamh bac ar rochtain na réigiún ar chistiú?

Sa Naoú Tuarascáil faoin gComhtháthú ón gCoimisiún tá béim leagtha faoina thábhachtaí atá sé an nasc idir infheistíochtaí agus athchóirithe a neartú a thuilleadh chun tionchar an bheartais comhtháthaithe a uasmhéadú. Beidh an nasc idir an cóineasú agus na hathchóirithe struchtúracha rithábhachtach fós, mar a léiríodh le linn na tréimhse 2021-2027, nuair atá an nasc sin feabhsaithe cheana féin ag an Aontas, go háirithe le dlúth-ailíniú leis an Seimeastar Eorpach. Úsáidtear na moltaí tírshonracha a eisíodh le blianta beaga anuas mar chompás chun riachtanais athchóiriúcháin agus infheistíochta na mBallstát a shainnithint agus beidh siad ina treoir fós ag an Athscrúdú Meántearma. Chun na hathchóirithe a ailíniú leis an infheistíocht agus chun fás réigiúnach agus forbairt réigiúnach a chur chun cinn go héifeachtach, tá an ghné réigiúnach agus an ghné chríochach curtha san áireamh againn i gclár ar nós an Chiste um Aistriú Cóir.

Léiríodh go raibh buntáistí le nascadh an tSeimeastair Eorpaigh le heisiocáíochtaí as cistí an Aontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Athchóirithe agus infheistíochtaí marthanacha lena dtugtar aghaidh ar dhúshlán naisiúnta agus a rannchuidíonn go díreach le láidriú fhás na hEorpa, bhí an tAontas in ann tacaíocht dhíreach a thabhairt do na Ballstáit dá bharr sin chun na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme. An tacaíocht chomhcheangailte a tugadh d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí faoi aon phlean amháin, léiríodh go raibh sé éifeachtach, agus feabhsaíodh léi an comhleanúnachas agus an éifeachtacht agus méadaíodh na sineirgíochtaí.

Ina theannta sin, faoi chistí an Bheartais Comhtháthaithe, rinneadh na coinníollacha cumasúcháin le haghaidh na tréimhse 2021-2027 a chuíchóiriú chun a chinntiú go mbeidh na creata is gá ar bun chun gur féidir na Cistí a chur chun feidhme go héifeachtach. Mar shampla, spreag an coinníoll cumasúcháin maidir le rialachas ar an earnáil fuinnimh oiriúnaithe agus bunú córas deimhnithe feidhmíochta fuinnimh. Leis na Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste, ar ceanglas iad faoin gcoinníoll cumasúcháin maidir leis an gcuspóir sonrach 'acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta agus glacadh na n-ardteicneolaíochtaí a fhorbairt agus a mhéadú' agus 'scileanna a fhorbairt don speisialú cliste, don aistriú tionsclaíoch agus don fhiontraíocht', athraíodh an chaoi a maoinítear an nuálaíocht ar an leibhéal réigiúnach.

Agus iad ag cur an bhuiséid chun feidhme, ní mór do na Ballstáit agus don Choimisiún a chinntiú go gcomhlíonfar Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ní mór dóibh na luachanna de chuid Aontais atá cumhdaithe in Airteagal 2 CAE agus atá ábhartha do chur chun feidhme an bhuiséid a urramú. Ní mór gach oibríocht a chistítear faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna a bheith i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, a bhfuil comhlíonadh na Cairte um Chearta Bunúsacha ina chuid de. Leis an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach maidir leis an gCairt cuireadh dreasachtaí láidir ar fáil le hathrú struchtúrach a dhéanamh, i réimse an athchóirithe bhreithiúnaigh go háirithe. Rinneadh sin i dteannta na ngarspriocanna Téarnaimh agus Athléimneachta agus na dTuarascálacha bliantúla maidir leis an Smacht Reachta, inar sainaitníodh príomheilimintí le haghaidh athchóiriú chun a chinntiú go mbeadh cosaint bhreithiúnach éifeachtach ann. Chomh maith leis sin, tá an Rialachán Coinníollachta maidir leis an smacht reachta i bhfeidhm maidir le cistí uile an Aontais, an Beartas Comhtháthaithe san áireamh. Táim tiomanta go hiomlán do na prionsabail sin.

Leag an tUachtarán toghaí von der Leyen béim sna treoirlínte polaitiúla a chuir sí amach go n-infheisteofar i gcosaint an smachta reachta leis an mbuiséad fadtéarmach atá le bheith ann agus go mbeidh coimircí sa bhuiséad sin chun go leanfar de bheith ag urramú an smachta reachta. Ar an gcéad dul síos, thógfaí iad ar chur i bhfeidhm seasta chóras ginearálta na coinníollachta atá i bhfeidhm maidir leis na cistí uile. Ar an dara dul síos, beidh orainn ceachtanna a fhoghlaim ón taithí a fuarthas agus an buiséad reatha agus NextGenerationEU á gcur chun cinn, nasc níos dlúithe idir athchóirithe agus neartú an smachta reachta san áireamh. Léirigh cur i bhfeidhm na n-uirlisí éagsúla go bhfuil an deis ann na rialacha a chuíchóiriú chun go mbeidh siad níos éifeachtaí arís.

Ina cuid de dhearadh an Beartas Comhtháthaithe: tá an tsolúbthacht lenar féidir an tacaíocht infheistíochta a oiriúnú do riachtanais réigiúnacha agus áitiúla. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, agus mé i mo Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe. cinnteoidh mé go n-ailíneofar athchóirithe go mion le dálaí réigiúnacha agus go mbeidh an Beartas Comhtháthaithe: fós ina spreagadh le fás agus cóineasú ar fud na réigiún uile, agus an táirgiúlacht, an t-iomaíochas agus an nuálaíocht á bhfeabhsú, gan aon réigiún a bheith fágtha ar gcúl. Chuige sin, coinneoidh mé dlúth-idirphlé ar bun le húdarais réigiúnacha agus áitiúla chun aon bhacainn ar rochtain ar chistí an Aontais a shainnithint, agus tabharfaidh mé aird ar leith ar a chinntiú go mbeidh na húdarais sin i gcoirle ar gníomhaíochta ar leibhéal an deartha agus ar leibhéal an chur chun feidhme araon.

Tá sé rithábhachtach ó thaobh chur chun feidhme agus ionsú chistí an Aontais de, a chinntiú gur leor an acmhainneacht riaracháin sna Ballstáit agus in údarais réigiúnacha agus áitiúla. Táim ar an eolas faoi laigí na hacmhainneachta riaracháin i mBallstáit áirithe agus i réigiúin áirithe. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is é an rún atá agam leanúint de bheith ag tacú le fothú acmhainneachta na mBallstát sa dá réimse seo: (a) an riarachán

poiblí agus an rialachas poiblí a neartú agus (b) an acmhainneacht maidir le hathchóirithe a chur ar fáil (i.e. iad a dheardh agus a chur chun feidhme) a neartú, agus é sin a bhaint amach trí dhigitiú treisithe chomh maith.

5. Réigiún an Oirthir, méadú, ECBM

I gcomhthéacs chogadh leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá dhá dhúshlán roimh réigiún teorann an Aontais, go háirithe réigiún an Oirthir agus an Tuaiscirt ar a teorainneacha seachtracha leis an Rúis, leis an mBealarúis agus leis an Úcráin, maidir leis an tslandáil a neartú agus a bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta á hathbheochan ag an am céanna. An bhfuil aon tionscnaimh nó beart tacaíochta speisialta beartaithe agat chun cabhrú leis na réigiúin teorann sin aghaidh a thabhairt ar a mórshleabhcadh eacnamaíoch? Cad iad na cineálacha cúnamh agus tionscnamh beartais a dtabharfaidh tú tús áite dóibh? Sa bhreis ar an mbrú ar bhuiséad an bheartais chomhtháthaithe ó na réigiúin sin san Oirthear agus sa Tuaisceart, beidh tionchar breise ag an méadú atá beartaithe i dtreo na hÚcráine, na Moldóive, na mBalcán Thiar agus, b'fhéidir, na Seoirsia ar bhuiséad an bheartais chomhtháthaithe. Conas a áiritheoidh tú go mbeidh buiséad an bheartais chomhtháthaithe leordhóthanach chun freastal ar na riachtanais atá ag dul i méid? Thairis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuireann bacainní leanúnacha trasteorann riaracháin agus dlíthiúla leis an gcor chun donais eacnamaíoch, ní hamháin i réigiún atá thíos le cogadh na Rúise, ach ar fud réigiúin uile an Aontais Eorpaigh. Déanann na bacainní sin an Margadh Aonair a ilroinnt, rud a fhágann go gcailltear na billiúin euro agus na milliúin post ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Sa chomhthéacs práinneach sin — ina bhfuil aghaidh á tabhairt ar riachtanais na réigiún teorann a bhfuil tionchar ag an gcogadh orthu ar thaobh amháin, agus ina bhfuil ullmhú á dhéanamh don mhéadú ar an taobh eile — an dtabharfaidh tú tús áite do thabhairt i gcrích na caibidlíochta idirinstiúidí ar an Rialachán maidir le Sásra chun constaicí dlí agus riaracháin a réiteach i gcomhthéacs trasteorann, a bhfuil moill curtha air le fada?

Tá na réigiún ar theorainneacha an Aontais, na réigiún in aice le teorainneacha an Aontais leis an Rúis agus leis an mBealarúis go háirithe, i ngleic le dhá dhúshlán, mar atá an tslandáil a fheabhsú agus a bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta á hathbheochan ag an am céanna. Is mór an dochar a rinneadh do shlandáil agus d'fhorbairt eacnamaíoch na réigiún sin, dochar atá ina thoradh díreach ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

Chun an tionchar sin ar na réigiún teorann a mhaolú, tugadh isteach roinnt tionscnamh. Ar an gcéad dul síos rinneadh acmhainní as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), acmhainní a leithdháileadh le haghaidh chlár Interreg leis an Ruis agus leis an mBealarúis i dtús báire, a ath-leithdháileadh ar chlár Comhair Trasteorann, acmhainní EUR 150 milliún. Dá bhrí sin is féidir leis na réigiún uile den Eoraip atá in aice leis an Rúis agus leis an mBealarúis páirt a ghlacadh i gceann amháin ar a laghad de chlár inmheánacha Interreg. Ar an dara dul síos, dhaingnigh an Coimisiún a thiomantas do chlár Interreg trí ghlaonna spriocdhírthe a sheoladh, trí phointí eolais a bhunú agus trí thacaíocht bhreise a chur ar fáil do réigiún in aice leis an Rúis. Mar shampla, i gcomhar leis an mBanc Domhanda, cuidíonn an Tionscnamh um Theacht Cothrom le Dáta Réigiún (CuRI) leis na Stáit Bhaltacha athléimneacht réigiúnach a fhorbairt.

Os a choinne sin, maidir leis na réigiún in aice leis an Úcráin, ní hamháin gur lean siad den chomhar trasteorann, ach tá dlús curtha acu leis an obair sin le 3 bliana anuas. Rinne an Coimisiún EUR 135 mhiliúin breise, airgead a raibh sé beartaithe i dtús báire é a chaitheamh ar chlár chomhair leis an Rúis agus leis an mBealarúis, a atreorú chuig clár thrasteorann leis an Úcráin agus Poblacht na Moldóive. Leis an gceistiú sin tugtar tacaíocht do phríomhréimsí ar nós an chomhshaoil, na sláinte, an oideachais agus an bhainistithe teorainneacha. Trí na clár thrasteorann a bhaineann leis an bPolainn, leis an tSlóvaic, leis an Ungáir agus leis an Rómáin, ranníoctar beagnach EUR 400 milliún as cistí an Aontais agus EUR 67 milliún de sin le tionscnamh Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais. Trí na clár thrasteorann sin a choinneáil ar bun agus a leathnú, táimid ag iarraidh comhar níos dlúithe a chothú idir réigiún den Aontas agus an Úcráin, chun cuidiú a thabhairt na dúshlán sin a bhainistiú, agus tacú leis an téarnamh áitiúil agus le téarnamh na hÚcráine ag an am céanna.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé ag obair chun tacaíocht a thabhairt do na réigiún in aice leis an teorainn thoir is mó a bhfuil dochar déanta dóibh de bharr cogadh foghach na Rúise, chun cur lena n-iarachtaí a ngeilleagar áitiúil a atreorú go háirithe. Leis an Tionscnamh um Theacht Cothrom le Dáta Réigiún, d'fhéadfaí, mar shampla, leideanna suimiúla a thabhairt a mhéid a bhaineann le moil nuálaíochta nua a thógáil, nó úsáid a bhaint as acmhainn na réigiún ar thacú le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, éiceachórais monaraíochta nua a fhorbairt, etc. I gcás réigiún in aice leis an Úcráin agus leis an Moldóiv, d'fhéadfaí iarachtaí a dhíriú ar idirnáise a dhaingniú ar gach leibhéal (an bonneagar iompair agus sreabha digiteacha, braislí nuálaíochta, rochtain ar sheirbhísí poiblí) agus ar ullmhú don aontachas. Chomh maith leis sin, beidh mé ag obair i gcomhar leis an gCoimisinéir um Méadú chun a chinntiú go ndéanfar dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn a dhéanfaidh tíortha an mhéadaithe a mhéid a bhaineann lena gcóineasú eacnamaíoch leis an Aontas, le na gcomhtháthú de réir a chéile sa Mhargadh Aonair

agus leis an gcur chun feidhme a dhéanfaidh siad ar phríomh-athchóirithe a bhfuil gá leo chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cistí de chuid an Aontais - agus beidh gach ceann díobh sin ríthábhachtach chun aontachas rianúil leis an Aontas a chumasú.

Is tosaíocht agam freisin dul i ngleic leis na bacainní trasteorann riaracháin agus dlíthiúla atá ar na réigiúin sin agus a bhíonn ag síorleanúint ar aghaidh. Tacaím go hiomlán le tabhairt i gcrích na caibidlíochta idirinstiúidí faoin Rialachán maidir le Réitigh Thrasteorann a Éascú, Rialachán a bhfuil moill air le fada. Aithním a thábhachtaí atá sin do na saoránaigh atá ina gcónaí agus ag obair i limistéir theorann. Dá bhrí sin, tá sé de rún agam oibriú go i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inmí atá acu agus a bheith ag brath ar thacaíocht leanúnach na Parlaiminte chun gur féidir tús a chur leis an gcaibidlíocht go pras. Céim ríthábhachtach a bheidh sa mhéid sin chun deireadh a chur leis na bacainní ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar chomhar i réigiúin teorann.

A mhéid a bhaineann le tionchar an mhéadaithe ar bheartas comhtháthaithe an Aontais, tá cuspóirí bheartas comhtháthaithe an Aontais fós bailí in Aontas níos leithne, sna Ballstáit atá ann faoi láthair agus sna Ballstáit a bheidh ann amach anseo araon. Roimhe seo, d'éirigh leis an mbeartas cur le tairbhí an Mhargaidh Aonair agus iad a mhéadú, éagothromaíochtaí críochacha a laghdú agus cóineasú socheacnamaíoch aníos a spreagadh idir na Ballstáit agus na réigiúin. Chun ullmhú d'Aontas níos leithne, is gá machnamh cuimsitheach a dhéanamh ar thodhchaí an bheartais Comhtháthaithe. Ach ní hé seo an chéad uair dár thug an tAontas aghaidh ar mhéadú agus is féidir linn ceachtanna a fhoghlaim ón am a chuaigh thart chun a chinntiú go leanfar de bheith ag cur i gcrích bheartas an Aontais. Beidh an cur i gcrích sin ina ábhar ag na hathbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe a dhéanfaidh an Coimisiún go luath in 2025.

6. Oileáin, dídhaonrú, an ceart fanachta, na réigiúin is forimeallaí (Airteagal 349 CFAE), tithíocht, críocha a bhfuil saintréithe geografacha agus nádúrtha acu (Airteagal 174 CFAE)

I gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE, tugann an tAontas aird ar leith ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na réigiúin faoi mhíbhuntáiste, go háirithe iad siúd a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu. Maidir le 'ceart fanachta' éifeachtach, cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú chun dul i ngleic leis an dídhaonrú, go háirithe i gceantair thuaithe agus i mbailte beaga, agus rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí riachtanacha á háiritiú ag an am céanna? Conas a chuirfidh tú feabhas ar an nascacht réigiúnach agus ar dhálaí tithíochta chun gur féidir le daoine a bhfuil cónaí orthu ar oileáin, sna réigiúin is forimeallaí, sna réigiúin fhorimeallacha agus trasteorann fanacht sna limistéir sin? Cad iad na bearta sonracha a mholfaidh tú chun maorlathas a laghdú agus feabhas a chur ar an rochtain ar chistiú ón Aontas Eorpach agus ar an margadh inmheánach do FBManna sna réigiúin sin? An gcreideann tú go bhfuil sé in am don Choimisiún straitéis Eorpach a fhorbairt d'oileáin (Comhshocrú um na hOileáin) agus clár iompair POSEI (clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúlacht agus le hoileánacht) a fhorbairt?

Táim deimhin de nach mór dúshláin shonracha eacnamaíocha agus shóisialta na n-oileán ar nós na tithíochta, an iompair, an oideachais, an chúraim sláinte ag an bhainistithe uisce agus dramhaíola chur san áireamh, chomh maith le dúshláin shonracha eacnamaíocha agus shóisialta na réigiún is forimeallaí. Tá fadhbanna forbartha éagsúla ag na réigiúin sin, rud a fhágann go bhfuil sé deacair dul i ngleic leo mar ghrúpa aonair. Tugadh aird ar leith i gcónaí ar oileáin agus ar na réigiúin is forimeallaí leis an mBeartas Comhtháthaithe, i gcomhréir leis an gConradh agus, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé de bheith ag neartú na hoibre sin.

Is mór idir na hoileáin éagsúla agus tá dúshláin éagsúla rompu, leibhéil éagsúla fáis eacnamaíoch agus treochothaí déimeagrafacha san áireamh, agus tá fás faoi dhaonra roinnt oileán, agus meath ar dhaonra oileán eile. Teastaíonn cur chuige saincheaptha le haghaidh na riachtanas sainiúil sin. Is é sin go díreach an rud a chuirfear ar fáil sa Bheartas Comhtháthaithe: clár náisiúnta agus réigiúnacha a spreagadh le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Leanfaidh mé de bheith ag tacú le hoileáin le cistiú, dea-chleachtas agus straitéisí críochacha sonracha. Ina theannta sin, oibreoidh mé le mo chomh-Choimisinéirí chun a chinntiú go gcuirfear sainiúlachtaí na n-oileán san áireamh i mbeartais ábhartha uile an Aontais. Sa Naoú Tuarascáil faoin gComhtháthú ón gCoimisiún, leagtar béim ar na rioscaí móra a bhaineann le dídhaonrú agus le dul in aois daonra i gceantair thuaithe, bailte beaga agus réigiúin eile atá faoi mhíbhuntáiste. Creidim gur cheart dúinn díriú ar bhearta nithiúla a rachaidh i ngleic leis na dúshláin sin chun a chinntiú gur féidir le saoránaigh fanacht ina bpobail áitiúla. Ar an gcéad dul síos, feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí agus ar an gcáilíocht saoil – braitheann an 'ceart fanachta' ar rochtain ar sheirbhísí riachtanacha ar nós an chúraim sláinte, an oideachais, na tithíochta agus an iompair phoiblí. Molfaidh mé infheistíochtaí leanúnacha sna réimsí sin chun cuidiú a thabhairt an dídhaonrú a chosc agus cónaitheoirí nua a mhealladh, teaghlaigh óga agus gairmithe san áireamh. Ar an dara dul síos, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach. Trí litearthacht dhigiteach a fheabhsú agus seirbhísí iontaofa ar líne a chur ar fáil, líonraí idirlín

ardluais agus líonraí 5G san áireamh, cuirfear borradh faoi iomaíochas na réigiún sin. Laghdóidh sin an eisimirce agus cumasóidh sé cianobair agus oideachas ar líne, rud a chuirfidh deiseanna nua ar fáil agus a spreagfaidh gairmithe óga agus teaghlai le fanacht sna ceantair sin nó le filleadh orthu. Ar an tríú dul síos, tá sé ríthábhachtach tacú le geilleagair áitiúla agus an nuálaíocht a chothú chun poist a chruthú agus chun daoine óga tréitheacha a choinneáil sa cheantar. Beidh sé ríthábhachtach an fhiontraíocht a chur chun cinn i gceantair thuaithe, agus leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht do FBManna, don talmhaíocht inbhuanaithe agus don gheilleagar ciorclach. Trí éiceachórais nuálaíochta a thógáil sna réigiúin sin, is féidir athléimneacht eacnamaíoch agus fás fadtéarmach a chothú. Ar an gceathrú dul síos, is príomhthosaíocht de chuid an Bheartais Comhtháthaithe í an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, go háirithe i réigiúin tuaithe agus teorann, agus a bheith ag díriú ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach. Le hinfeistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite, san iompar inbhuanaithe agus i gcosaint an chomhshaoil, cuirfear feabhas ar dhálaí maireachtála agus cruthófar poist ghlasa nua.

Tá sé ríthábhachtach an tacaíocht a chur in oiriúint do riachtanais réigiúnacha. Cinnteoidh mé go mbeidh an Beartas Comhtháthaithe solúbtha agus áitbhunaithe fós, agus go mbeidh sé curtha in oiriúint do dhúshláin shonracha. Le dlúth-chomhpháirtíochtaí leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, is féidir linn infheistíochtaí agus athchóirithe a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais uathúla na réigiún sin, rud a chinnteoidh nach bhfágfar aon réigiún ar lár. Maidir le nascacht réigiúnach agus tithíocht, tabharfaidh mé tús áite d'fheabhas a chur ar an mbonneagar iompair agus ar an mbonneagar digiteach chun a chinntiú gur féidir le daoine ar oileáin, sna réigiúin is forimeallaí, agus i réigiúin imeallacha agus trasteorann a bheith nasctha go leanúnach le moil Eorpacha níos leithne. Tá an nascacht iompair ríthábhachtach chun rochtain a fháil ar phoist, ar sheirbhísí riachtanacha, ar oideachas agus ar chúram sláinte chomh maith le gluaiseacht earraí. Oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um Iompar chun feabhas a chur, le hinfeistíochtaí sa tsoghluasteacht inbhuanaithe agus san iompar ilmhódach, ar naisc iarnróid agus iompair phoiblí idir na réigiúin sin agus na príomh-mhoil Eorpacha.

Tá an nascacht dhigiteach chomh tábhachtach céanna. Tacóidh mé le hinfeistíochtaí i líonraí idirlín ardluais agus 5G i réigiúin tuaithe, fhorimeallacha agus trasteorann chun cianobair, oideachas ar líne agus seachadadh digiteach seirbhísí a éascú agus chun na ceantair sin a dhéanamh níos tarraingtí ó thaobh infheistíocht a dhéanamh iontu nó a bheith ag maireachtáil iontu de. Tá sé ríthábhachtach freisin aghaidh a thabhairt ar dhúshláin soghluaisteachta i réigiúin iargúlta agus oileánacha.

Beidh sé ríthábhachtach seirbhísí riachtanacha ar nós an chúraim sláinte, an oideachais agus an chúraim leaná a chomhtháthú in infheistíochtaí an Bheartais Comhtháthaithe chun an dídhaonrú a chosc agus chun na réigiúin sin a dhéanamh níos tarraingtí do chónaitheoirí. Bainfear sin amach trí chomhar trasteorann a threisiú, trí sheirbhísí comhroinnte a chumasú, agus trí réitigh chliste ar nós an teililighis agus na ríomhfhoghlama a chur chun cinn. Comhlánófar leis sin an tionscnamh 'Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais' a mhaoiníonn an tAontas agus a chuidíonn le hoileáin a bhfuinneamh inbhuanaithe féin a ghniúint ar chostas íseal, rud a chuireann leis an rochtain ar fhuinneamh inacmhainne agus inbhuanaithe do phobail na n-oileán.

Chun ceart fanachta éifeachtach a chinntiú, beidh gá freisin le rochtain ar phoist ardcháilíochta, go háirithe dóibh siúd a bhí lasmuigh de mhargadh an tsaothair ar feadh tréimhse rófhada agus atá ag lorg deiseanna nua. Tionscnamh nithiúil amháin ina leith sin is ea an Treochlár maidir le Poist Ardchaighdeán atá le forbairt i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Ina leith sin tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht. A mhéid a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí agus ar sheirbhísí bunriachtanacha go háirithe, beidh ról straitéiseach ag Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta a bheidh ann amach anseo agus beidh aghaidh a thabhairt ar ghnéithe críochacha na bochtaineachta ina chuid de.

Leanfar de bheith ag cur le tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe leis an mBeartas Comhtháthaithe. Oibreoidh mé i dtreo solúbthachtaí a thabhairt isteach sa reachtaíocht, chun a chur ar chumas na mBallstát a n-infeistíocht chomhtháthaithe i dtithíocht inacmhainne a dhúbailt. Ar na hinfeistíochtaí is féidir go mbeidh athchóiriú an stoic tithíochta atá ann cheana, feabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh, agus tacaíocht d'fhorbairtí nua a bheidh saincheapa le haghaidh riachtanais réigiúnacha. Is féidir creat luachmhar a chur ar fáil le haghaidh na hoibre sin leis an Bauhaus Eorpach Nua. Cuirfidh mé cúnaimh teicniúil agus fothú acmhainneachta ar fáil freisin do chathracha agus do pháirtithe leasmhara, rud a chinnteoidh go ndéanfar tionscadail tithíochta a chomhtháthú le bonneagar uirbeach níos leithne. Ag an am céanna, beidh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch i gceannas ar an athbheithiú ar na rialacha maidir le státchabhair chun gur féidir bearta tacaíochta do thithíocht a ghlacadh, go háirithe i gcás tithíocht inacmhainne atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus tithíocht shóisialta.

Táim tiomanta tacaíocht shaincheaptha áitbhunaithe a mholadh, rud a chinnteoidh go léireofar riachtanais shonracha na réigiún sa bheartas comhtháthaithe a bheidh ann amach anseo. San áireamh leis sin tá próisis cur i

bhfeidhm agus tuairiscithe a shimpliú chun ualaí riaracháin ar FBManna a laghdú, rómhaorlathas a laghdú agus é a dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí áitiúla rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas agus páirt a ghlacadh sa Mhargadh Aonair. Tá rannpháirtíocht luath leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ríthábhachtach chun cistiú an Aontais a ailíniú le forais áitiúla. Leanfaidh tionscnaimh ar nós an Líonra Fiontar Eorpach (LFE) agus an Ardáin Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha de bheith ag cur tacaíocht ríthábhachtach ar fáil do FBManna trí chuidiú leo rialacháin chasta a láimhseáil, cistiú ón Aontas a fháil, agus teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe gnó. Tá ról lárnach ag LFE i réigiúin iargúlta, agus cuireann sé treoir shaincheaptha ar fáil faoi chlár ar nós Fís Eorpach agus InvestEU. Éascaíonn sé comhpháirtíochtaí trasteorann freisin, comhpháirtíochtaí lena bhféadfaidh FBManna leas a bhaint as margáí nua agus a n-oibríochtaí a leathnú ar bhealach níos éifeachtaí.

Cuirfidh mé idirphlé leanúnach chun cinn freisin le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go mbeidh sásraí cistiúcháin freagrúil do riachtanais athraitheacha na bpáirtithe leasmhara agus go dtabharfar aghaidh go pras ar aon scrogall a bheidh ann. Cinnteofar leis an rannpháirtíocht leanúnach sin nach bhfágfar oileáin ná réigiúin fhorimeallacha, na réigiúin is forimeallaí san áireamh, ar lár in iarrachtaí forbartha an Aontais.

Leis an mBeartas Comhtháthaithe, spreagar na Ballstáit agus na réigiúin uile le tacú lena n-oileáin. Ina theannta sin, cumhdaítear ceantair thuaithe ar oileáin san Fhís Fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe agus sa Phlean Gníomhaíochta Thuaithe a ghabhann léi, chomh maith leis an gComhshocrú um an Tuath. Maidir leis an gclár iompair POSEI atá beartaíte, beidh sé ina thosaíocht agam úsáid na n-uirlisí atá ann cheana a uasmhéadú agus bearnaí a shainaithint sula ndéanfaidh mé réitigh nua a mheas.

7. Tubaistí nádúrtha, éigeandálaí

Tá méadú tagtha ar líon agus ar dhéine na dtubaistí a bhaineann leis an aimsir san Eoraip, amhail teochtaí foircneacha, stoirmeacha, tuilte intíre agus cósta, triomach agus falscaithe. Conas a rachfá i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí le tionchair láithreacha agus fhadtéarmacha na dtubaistí sin? Go háirithe, cén chaoi a gcuirfeá feabhas ar leithdháileadh an bhuiséid, ar incháilitheacht agus ar bhainistiú Chiste Dlíthpháirtíochta reatha an Aontais? Cad iad na bearta sonracha eile, ó thaobh coisc de freisin, a mholfá chun dul i ngleic le tubaistí nádúrtha laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann tar éis 2027, agus príomhchuspóir an bheartais comhtháthaithe á chaomhnú ag an am céanna? Maidir le bainistiú uisce, i dtéarmaí tuilte agus triomaigh araon, cad iad na gníomhaíochtaí a mholfá chun a dtionchar ar na réigiúin is leochaillí a mhaolú? Thairis sin, an molfá straitéisí an Aontais a nuashonrú chun leochaileacht na réigiún cósta agus sléibhe i leith an athraithe aeráide a laghdú?

Leag an tUachtarán toghaí von der Leyen béim ina treoirlínte polaitiúla ar na rioscaí móra dár sábháilteacht a eascraíonn as tionchar an athraithe aeráide. Leanann an adhamsir de bheith ag scriosadh limistéir den Eoraip le tuilte, dóiteáin agus triomach i rith na bliana agus ar fud an Aontais. Gheall sí Plean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide a chur ar fáil ina mbeadh bearta sonracha chun tubaistí nádúrtha a chosc. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, agus mé i mo Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, rannchuideoidh mé leis an bPlean seo. Chun aghaidh a thabhairt ar thubaistí nádúrtha, ní mór gníomhú láithreach agus díriú go mion ar bhearta coisctheacha náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha. Leanfar de bheith ag tabhairt tús áite do réitigh dhúlrahunaithe (athfhoraoisiú, bogaigh agus bonneagar glas eile). Chun rioscaí a mhaolú go héifeachtach, ní mór straitéisí réamhghníomhacha a bheith i bhfeidhm ar gach leibhéal rialachais, agus infheistíochtaí agus athchóirithe spriocdhírithé a bheith ag tacú leo.

I láthair na huairé is é an Beartas Comhtháthaithe an fhoinsé chistiúcháin is mó atá ag an Aontas le haghaidh bainistiú riosca tubaistí, agus tá sé dírithe ar bhearta maidir le cosc agus ullmhacht i réigiúin ar fud an Aontais, agus cuireadh EUR 14 bhilliún ar fáil le haghaidh bainistiú riosca tubaistí (laghdú an riosca tuilte agus dóiteán) le linn na clárthréimhse 2021 – 2027. Mhol an Coimisiún le déanaí solúbthacht chistí an bheartais comhtháthaithe a mhéadú chun tacaíocht bhreise éifeachtach a chur ar fáil go pras i gcás tubaistí nádúrtha.

Is tacaíocht iarthubaiste é Ciste Dlíthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) nach mbíonn ar fáil ach amháin i gcás tubaistí tromchúiseacha agus is rannchuidiú nithiúil Eorpach é le hiarrachtaí éigeandála agus le hiarrachtaí atógála téarnaimh. Tá Ciste Dlíthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ceaptha chun iarrachtaí náisiúnta a chomhlánú, seachas teacht ina n-ionad. Dá bhrí sin, is céimeanna fíor-riachtanacha iad scéimeanna náisiúnta um maoiniú riosca tubaiste a fheabhsú agus acmhainneacht a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta. Ní mór na Ballstáit a bheith in inmhe tubaistí ar scála beag a láimhseáil, agus a bheith cinnte de go mbeidh Ciste Dlíthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ar fáil nuair a sháróidh scála na tubaiste a n-acmhainneachtaí. Ní mór dúinn na bearta dlíthpháirtíochta a neartú ós rud é go bhfuil tubaistí a bhaineann leis an aeráid ag dul in olcas. Is é an t-aon bhealach inacmhainne amháin

chuige sin, a chinntiú go mbeidh gach infheistíocht ceaptha chun tionchair aeráide a sheasamh, ós rud é go bhfuil sin i bhfad níos saoire ná atógáil tar éis tubaistí.

Ag féachaint amach romham ar na tionchair fhadtéarmacha, tá sé i gceist agam béim níos láidre a leagan ar bhearta coisctheacha. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do réitigh dhúlra bhunaithe. Laghdaigh na bearta sin tionchar tubaistí nádúrtha go héifeachtach agus, ag an am céanna, chuir siad leis an mbithéagsúlacht agus leis an oiriúnú don athrú aeráide.

Tá gá freisin le cur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú uisce, lena dtabharfar aghaidh ar thuilte a chosc agus ar an triomach a mhaolú. Cé go dtacaíonn an Beartas Comhtháthaithe le bearta bainistithe uisce cheana féin, ní mór pleananna bainistithe riosca tubaiste a cheapadh chun tionchair an athraithe aeráide a mheas.

Ní mór infheistíochtaí cosanta tuilte agus athléimneachta triomaigh a ailíniú go dlúth le straitéisí bainistithe riosca náisiúnta agus réigiúnacha. Chuir creat an choinníll cumasúcháin le héifeachtacht na n-infheistíochtaí sin, agus ba cheart dúinn féachaint ar bhealaí chun na coinníollacha sin a chur in oiriúint a thuilleadh do riachtanais shonracha na mBallstát agus na réigiún aonair. D'fhéadfaí a áireamh leis sin bonneagar a neartú chun adhaimsir a sheasamh, córais luathrabhaidh a fheabhsú, agus bearta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a chomhtháthú go hiomlán sa phleanáil áitiúil agus réigiúnach. Cuireann an t-athrú aeráide leis an scoiteacht atá ann cheana, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra do chónaitheoirí i gceantair chósta, ceantair sléibhe nó ceantair iargúlta rochtain a fháil ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar uisce glan. Ní hamháin go gcuideoidh feabhas ar bhonneagar iompair agus digiteach le tionchar tubaistí nádúrtha a mhaolú ach cuirfidh sé le hathléimneacht na bpobal sin chomh maith.

Ar deireadh, beidh sé fós ina thosaíocht leasanna agus athléimneacht phobail chósta an Aontais a chosaint, ós rud é go bhfuil 40 % de dhaonra an Aontais i bpobail chósta agus réigiúin chósta. Meastar go dtiocfaidh méadú mór ar dhamáistí eacnamaíocha ó thuilte cósta san Aontas, damáistí EUR 1 bhilliún in aghaidh na bliana faoi láthair, sna blianta amach romhainn mar gheall ar an téamh domhanda. Leis an gComhshocrú um na hAigéin, faoi cheannaireacht an Choimisinéara um an Iascach agus na hAigéin, féachfar ar conas is féidir tacú le pobail chósta. Cothófar leis an gComhshocrú sin cur chuige iomlánaíoch, lena gcomhtháthófar gnéithe comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta agus lena gcinnteofar go mbeidh na páirtithe leasmhara uile, pobail agus tionscail chósta áitiúla san áireamh, rannpháirteach i rialachas na n-aigéan. Leagfar síos leis creat le haghaidh limistéir aigéin agus chósta a bheidh sláintiúil, athléimneach agus táirgiúil, rud a laghdóidh a leochaileacht i leith an athraithe aeráide.

Ceist ón gCoiste um Buiséid

8. Cuireadh an misean seo a leanas de chúram ort: 'beartas comhtháthaithe a ailíniú le tosaíochtaí níos leithne an Aontais, é a dhéanamh níos dírithe, níos simplí agus go mbeadh níos mó tionchair aige agus cuidiú le hathchóirithe agus infheistíocht a shlógadh'. Cad atá beartaithe agat a chur i bhfeidhm go praiticiúil chun an misean sin a chomhlíonadh? Cén áit a bheidh ag an mbeartas comhtháthaithe in éileamh an Uachtaráin thoghaí ar chur chuige beartasbhunaithe i leith an chéad bhuiséid fhadtéarmaigh eile de chuid an Aontais? Go háirithe má tá an cur chun feidhme le bheith bunaithe ar 'phlean do gach tír a nascann athchóirithe tábhachtacha le hinfeistíochtaí', conas a áiríteoidh tú go bhfuil dóthain solúbthachta ann agus rian soiléir iniúchóireachta á choinneáil ag an am céanna, breisluach Eorpach soiléir a bhfuil gné inaitheanta trasteorann ag baint leis maidir le caiteachas a bhaineann le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, fíorluach ar airgead agus go bhfuil ról ag an bParlaimint ar chomhchéim leis an gComhairle i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán na gcistí?

Thiomnaigh an tUachtarán toghaí von der Leyen an misean dom an beartas comhtháthaithe a úsáid mar phríomhspreagadh d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí an Aontais. Feictear dom gur deis é sin ar ról an bheartais a nuachóiriú agus a threisiú maidir le héagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha a laghdú, cóineasú aníos a chothú, táirgiúlacht, nuálaíocht agus iomaíochas a fheabhsú, agus tacú le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla. Táim tiomanta a chinntiú go mbeidh an beartas comhtháthaithe ag teacht le tosaíochtaí níos leithne an Aontais, go mbeidh sé níos simplí agus níos dírithe, agus go leanfaidh sé de bheith ag cur tairbhí nithiúla ar fáil dár saoránaigh agus dár gcuideachtaí.

I dtosach báire, cé gur cuspóir de chuid an Aontais é comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn ann féin, ní mór an beartas comhtháthaithe a ailíniú go hiomlán le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, an t-iomaíochas, an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta san áireamh. Tríd an méid sin a dhéanamh, cinnteofar leis an mbeartas nach bhféadfar aon réigiún, bíodh sé ina réigiún uirbeach, ina réigiún tuaithe nó ina réigiún forimeallach, ar lár agus sinn ag obair i dtreo Eoraip níos láidre agus níos inbhuanaithe. Cuirfidh an chéad CAI eile deis uathúil ar fáil air sin a dhéanamh.

Beidh an chomhpháirtíocht le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla i gcroílár an bheartais comhtháthaithe a bheidh ann amach anseo. Tá na húdaráis sin ríthábhachtach chun a chinntiú gur féidir lenár mbeartais a bheith ag brath ar úinéireacht leathan, go mbeidh ár n-infheistíochtaí dea-spríodhírthe agus go mbeidh tionchar acu ar an talamh. Tugadh mar chúram sainráite dom sa litir mhísin a cuireadh chugam aird ar leith a thabhairt ar rannpháirtíocht na n-údarás réigiúnach agus áitiúil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, agus mé i mo Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, beidh dlúth-idirphlé agam leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla ábhartha uile chun aon bhac ar rochtain ar chistí an Aontais a shaináithint agus tabharfaidh mé aird ar leith ar a ndlúth-rannpháirtíocht chun tacú le húinéireacht agus cur chun feidhme infheistíochtaí agus athchóirithe ar an talamh.

I gcomhthéacs na n-ullmhuithe don chéad Chreat Airgeadais Ibhliantúil eile, agus chun a chinntiú go mbeidh an beartas comhtháthaithe dírithe mar is ceart, oibreimid i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Trí dhírú ar thosaíochtaí comhroinnte de chuid an Aontais - ar nós éagothromaíochtaí a laghdú, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn agus borradh a chur faoin iomaíochas - cinnteimid go mbeidh tionchar intomhaiste ag ár n-infheistíochtaí. Chuige sin, oibreoidh mé i gcomhar leis na Ballstáit chun a chinntiú go n-úsáidfear an cistiú comhtháthaithe chun tacú le hathchóirithe ríthábhachtacha sna seirbhísí poiblí, san oideachas, sa chúram sláinte, san iompar agus sa nascacht dhigiteach. Cruthóidh na hathchóirithe sin na dálaí is gá chun go mbeidh rath ar ghnólachtaí agus chun go láidreofar na pobail, go háirithe i réigiúin a bhfuil baol ann go dtitfidh siad ar gcúl.

Leis an mbeartas comhtháthaithe, leanfar freisin den chomhar trasteorann a chothú mar chuid bhunriachtanach den lánpháirtíú Eorpach. Trí iompar, nascacht dhigiteach agus seirbhísí poiblí a fheabhsú, cuirfidh an beartas comhtháthaithe feabhas ar an nascacht idir réigiúin, rud a chuirfidh leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an bhfás eacnamaíoch.

Cuideoidh an simpliú ar an mbeartas comhtháthaithe leis an ualach riaracháin a laghdú agus leis an héifeachtúlacht a fheabhsú chomh maith. Ina theannta sin, imreofar tionchar trí chistiú comhtháthaithe a ghíaráil chun infheistíochtaí príobháideacha agus náisiúnta breise a mhealladh. Ní hamháin go n-uasmhéadófar leis an gcur chuige sin tionchar acmhainní airgeadais an Aontais ach cinnteofar leis freisin go soláthrófar breisluach Eorpach soiléir le gach euro as an mbuiséad comhtháthaithe a chaithfear, rud a chhothóidh cóineasú agus iomaíochas ar fud na gcríoch uile.

Cé nach mór an beartas comhtháthaithe a bheith níos dírithe agus níos straitéisí, tá an tsolúbthacht ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis.

Ag an am céanna, ní mór dúinn rian soiléir iniúchóireachta agus maoirseacht láidir airgeadais a choinneáil ar bun. Beidh na beartais comhtháthaithe inchurtha leis na caighdeáin is airde maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ní mór a chinntiú leis an mbeartas comhtháthaithe go bhfaighfear luach maith ar airgead a chaithfear agus ní mór breisluach Eorpach gach infheistíochta a bheith follasach. Chuige sin, tá mé tiomanta sásraí díana faireacháin agus meastóireachta a choinneáil ar bun lena gcinnteofar go n-úsáidfear cistí an Aontais go trédhearcach cuntasach éifeachtach. Beidh ról ríthábhachtach ag Parlaimint na hEorpa maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe chun a chinntiú go n-urramófar an grinnscrúdú daonlathach go hiomlán.

Éileoidh mé cur chuige lena gcinnteofar sreabhadh trédhearcach faisnéise agus beidh mé ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht ardleibhéil idir na hinstiúidí le linn chéim an chur chun feidhme.

Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Cur Chun Feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

9. I bhfianaise rátaí ionsúcháin na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), an measann tú go raibh STA tapa agus spríodhírthe go leor chun an geilleagar a spreagadh tar éis ghéarchéim COVID-19? Conas a chinnteoidh tú, i do chátail mar Choimisinéir freagrach, go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as cistí STA? An rachaidh tú ar aghaidh le haisghlámadh cistí a aistrítear chuig na Ballstáit i gcásanna nach dócha go mbeidh infheistíochtaí críochnaithe faoi 2026? An measann tú go bhfuil STA ina fhasach chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna agus ar bhearnaí suntasacha cistithe?

Creidim go raibh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ina huirlis phras spríodhírthe ó thaobh an geilleagar a spreagadh tar éis ghéarchéim COVID-19 de. Go deimhin, faoi dheireadh mhí Lúnasa 2024, bhí níos mó ná 40 % de na cistí a gealladh faoin tSaoráid eisíochta cheana féin leis na Ballstáit, beagnach 50 % de na

deontais agus os cionn 30 % de na hiasachtaí. Is ráta ionsúcháin stairiúil é sin i gcomparáid le cláir chaiteachais an Aontais mar a bhí roimhe seo.

Is cinntitheach an rannchuidiú atá déanta leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le tacú leis an téarnamh eacnamaíoch tar éis na paindéime ar roinnt bealaí. Tar éis ghéarchéim COVID-19, ní hamháin go raibh an infheistíocht phoiblí seasta, ach tháinig fás ó 3 % den olltáirgeachta intíre in 2019 go 3.5 % uirthi in 2023, agus ba í an tacaíocht ón Aontas, go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ba chúis le beagnach leathchuid den fhás sin. Ina theannta sin, rannchuidigh an fógra féin faoi NextGenerationEU in 2020, agus gníomhaíocht bheartais náisiúnta eile ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, le raonta difríochta bannaí ceannasacha a chúngú. Ag an am céanna, bhí ról lárnach ag an réamh-mhaoiniú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta maidir le tús a chur le téarnamh an Aontais, mar gur chuir sé spás fioscach breise ar fáil láithreach do na Ballstáit sa chaoi go raibh ról cobhsaíochta aige tar éis na paindéime, agus le samhail seachadta na Saoráide, lena dtugtar luach saothair ar son an dul chun cinn sa chur chun feidhme, cuireadh tacaíocht mharthanach airgeadais ar fáil do na Ballstáit.

Mar sin féin, ní ionstraim ghéarchéime amháin a bhí sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ach b'ionstraim í freisin a bhí ann chun borradh a chur faoi athléimneacht an Aontais agus chun ár ngeilleagair agus ár sochaithe a dhéanamh níos láidre agus a oiriúnú don todhchaí. Spreag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an geilleagar agus thacaigh sí leis an gcóineasú ag an am céanna, ós rud é go raibh a heochair leithdháilte saincheaptha chun tacaíocht a dhírú ar na Ballstáit ísealioncaim agus ar na Ballstáit is leochailí agus is mó a ndearna an phaindéim dochar dóibh. Ina theannta sin, leis an gceanglas nach mór aghaidh a thabhairt, leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta, ar na dúshlán uile arna sainiú sna moltaí tírshonracha nó ar fho-thacar mór díobh, bhíothas in ann, leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, díriú ar riachtanais shonracha gach Ballstáit, agus tacú le tosaíochtaí coiteanna an Aontais ag an am céanna.

De réir na hanailíse uirthi sa mheastóireacht mheántearma, bhí an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an-éifeachtach maidir le tacú le tosaíochtaí coiteanna an Aontais agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha ríthábhachtacha a rabhthas ag súil leo le fada. Le pleananna uailmhianacha téarnaimh agus athléimneachta, cothaíodh dul chun cinn ar fud gach ceann de na sé cholún lena sainítear raon feidhme na Saoráide, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus an cóineasú socheacnamaíoch go háirithe.

Ach tá an iarracht sin i bhfad ó bheith críochnaithe. Is é an bealach is fearr chun a chinntiú go n-úsáidfean an tSaoráid ar an mbealach is éifeachtaí, cuidiú leis na Ballstáit a ngealltanais a chomhlíonadh ina n-iomláine faoi 2026. Is freagracht choiteann é sin agus is príomhdhúshlán é a bheidh roimh na Ballstáit agus roimh an gCoimisiún araon. Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, agus mé i mo Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht chun go mbainfidh na Ballstáit amach na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí arna gcomhaontú a leagtar amach sna pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta faoi sprioc-am caiteachais 2026, mar a leagtar amach sa litir mhisin a cuireadh chugam. Is é an sprioc a bhí ann agus atá ann fós, cur chun feidhme iomlán na ngealltanais a bhaint amach agus, dá bhrí sin, eisiocaíochtaí na gcistí a gealladh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bheith déanta ina n-iomláine.

Tá sé tábhachtach a chur san áireamh gur ceapadh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le rialacha soiléire agus le creat láidir feidhmíocht bhunaithe. Tá cistiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta nasctha le torthaí. Déantar dul chun cinn na mBallstát maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí a thomhas de réir garspriocanna agus spriocanna arna ndáileadh go hiomchuí thar shaolré na hionstraime, chun an cur chun feidhme a leanúint le bonnlínte agus spriocanna soiléire atá le baint amach. Tugtar leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta luach saothair ar son dul chun cinn sin trí mhéideanna a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach a eisíoc.

Agus spriocdháta deiridh 2026 ag drannadh linn, beidh measúnú leanúnach á dhéanamh ag an gCoimisiún féachaint ar chomhlíon na Ballstáit a ngealltanais agus an dócha go gcomhlíonfar na garspriocanna agus na spriocanna deiridh faoin am sin. Murab amhlaidh an scéal, de réir an chreata reachtaigh atá ann faoi láthair, rachaidh mé i dteagmháil leis na Ballstáit ábhartha maidir le conas a bpleananna a leasú agus a chinntiú go mbeidh na cistí dírithe ar infheistíochtaí malartacha atá chomh huailmhianach céanna agus ar féidir iad a chur i gcrích laistigh de shaolré na Saoráide. Más rud é, d'ainneoin na n-iarrachtaí sin, go measfar fós go bhfuil cuid de na garspriocanna nó de na spriocanna deiridh nach bhfuil comhlíonta go sásúil, ní dhéanfar an eisiocaíocht a bhaineann leo.

Le linn 5 bliana amach romhainn, is é uailmhian an Choimisiúin a bheith ina 'Choimisiún Infheistíochta', mar a léirigh an tUachtarán toghaí von der Leyen sna Treoirí Polaitiúla. Le linn na tréimhse oifige deireanaí, leag an

Eoraip cúrsa síos i dtreo clár uailmhianach nuachóiriúcháin. Táthar ag cur borradh mór faoin infheistíocht le NextGenerationEU rud atá ina chuidiú leis an maoiniú is gá a thabhairt chun an t-aistriú digiteach, an t-aistriú glas agus an t-aistriú sóisialta a dhéanamh. D'fhoghlaimíomar ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go bhfuil gá atá le simplíocht agus solúbthacht, luas agus fócas straitéiseach agus sinn i mbun caiteachais. D'fhoghlaimíomar freisin, áfach, go bhfuil gá atá le feabhas a chur ar rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na bpáirtithe leasmhara agus na gcomhpháirtithe sóisialta agus ar an gcreat iniúchóireachta agus rialúcháin atá ann faoi láthair. Ba cheart na ceachtanna sin a léiriú sna beartais chistiúcháin a bheidh againn amach anseo.

Ach ní féidir riachtanais infheistíochta na hEorpa a mhaoiniú as an sparán poiblí amháin. Mar a léiríodh i dtuarascálacha Draghi agus Letta araon, ní mór formhór na n-infheistíochtaí sin a theacht ón earnáil phríobháideach. Cé go bhfuil ról cinntitheach ag an earnáil phoiblí freisin ó thaobh na creachtóinníollacha cearta a leagan síos, e.g. trí Aontas na Margái Caipítíl, is féidir leis an Aontas dreasachtaí agus gearáil a chur ar fáil le haghaidh na hearnála príobháidí chomh maith.

Ceist ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

10. Sa litir mhisin uait, áitítear 'go mbeidh ceart fanachta éifeachtach ag gach saoránach [...] trí thacú lena bhfuil de dhíth ar phobal' go háirithe trí 'dul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha'. I measc beartas eile, baineann sé sin le beartais fostaíochta agus shóisialta, lena n-áirítear cuimsiú sóisialta. Cad iad na tograí agus na bearta nithiúla atá beartaithe agat chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin agus chun rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus fostaíochta ar ardchaighdeán a fheabhsú, agus conas a chuirfidh pleananna na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta leis an gcuspóir sin, agus ar bhonn níos ginearálta, le cur chun feidhme éifeachtach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, dar leat?

Go háirithe, i bhfianaise thiomantas an Aontais dí-institiúidiú a chur chun cinn agus a áirithiú go mbeidh cearta comhionanna ag daoine faoi mhíchumas, ag leanaí agus ag grúpaí eile i staid leochaileach, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat a áirithiú go dtacóidh beartas cistiúcháin agus comhtháthaithe an Aontais amach anseo go héifeachtach le seirbhísí pobalbhunaithe agus le réitigh tithíochta inacmhainne? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat oibriú air sin leis an gCoimisinéir ainmnithe Jørgensen?

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé céimeanna nithiúla chun a chinntiú go mbeidh sé fós ina thosaíocht i gcoilár an Bheartais Comhtháthaithe go gcuirfear deireadh leis na héagothromaíochtaí réigiúnacha. Déanfaidh mé mo dhícheall a chinntiú go mbeidh ceart éifeachtach ag saoránaigh fanacht san áit ar a dtugann siad an baile agus gur féidir leo fanacht ina bpobail trí fheabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar ghníomhaíochtaí príobháideacha, ar phoist ardcháilíochta, ar oideachas agus scileanna, ar shláinte, ar iompar agus ar nascacht dhigiteach. Is éard a bheidh i gceist leis sin infheistíochtaí a dhíriú ar réigiúin atá i ngleic leis an marbhántacht eacnamaíoch, an dídhaonrú agus gaistí na forbartha, go háirithe iad siúd atá tite ar geúl san aistriú glas agus san aistriú digiteach. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le húdarás áitiúla agus réigiúnacha chun a n-acmhainneachtaí riaracháin a neartú chun gur féidir leo cistí a bhainistiú go héifeachtach, agus cinnteoidh mé go gcuirfear straitéisí forbartha in oiriúint dá riachtanais shonracha.

Maidir leis an ngné shóisialta den bheartas comhtháthaithe, chun na spriocanna uailmhianacha a leagtar amach sa litir mhisin a cuireadh chugam a bhaint amach, tógfaidh mé a thuilleadh ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá dúshraith láidir curtha síos againn cheana féin le haghaidh na clárthréimhse reatha i gcomhair 2021-2027. Cuidíonn Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) go háirithe le feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht na seirbhísí sóisialta ar fud réigiúin uile an Aontais, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha agus do dhaoine faoi mhíchumas.

Ag féachaint amach romhainn, tá gné láidir shóisialta sa bheartas comhtháthaithe rithábhachtach chun ceart fanachta éifeachtach a chinntiú. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le mo chomh-Choimisinéirí, agus go háirithe leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht, chun an méid sin a bhaint amach. Oibreoidh mé go gníomhach freisin i gcomhar leis an gCoimisinéir um Ullmhacht agus Bainistíocht Ghéarchéime, atá freagrach as comhionannas, chun inrochtaineacht agus seirbhísí a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas. Ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag éascú na n-iarrachtaí fíoras ar an talamh a dhéanamh den cheart atá ag daoine faoi mhíchumas maidir le maireachtáil go neamhspleách agus cuimsiú sa phobal. Arís eile, tá ról tábhachtach ag cistí an Aontais i leith tacú leis an dí-institiúidiú.

Tógfaidh mé freisin ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Bhí an tSaoráid rithábhachtach i leith rannchuidiú le clár oibre sóisialta an Aontais agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i réimsí an chomhionannais inscne agus an chomhionannais deiseanna go háirithe. Faoin tSaoráid, is mór an sciar é

sciár na mbeart lena gcumhdaítear an réimse sóisialta agus lena rannchuidítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta; beagnach EUR 163 bhilliún atá i gceist leis, ar mó é ná 25 % den tacaíocht airgeadais téarnaimh agus athléimneachta iomlán. Mar shampla, i ngach plean náisiúnta, beagnach, tá bearta chun na córais cúraim sláinte a neartú agus chun scileanna, oideachas agus oiliúint a threisiú. I bhformhór na bpleananna náisiúnta freisin tá beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus gníomhaíochtaí chun na seirbhísí poiblí fostaíochta a dhéanamh níos éifeachtaí. Ar deireadh, i bhformhór na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta tá bearta atá dírithe ar an gcosaint shóisialta agus na seirbhísí sóisialta a fheabhsú agus ar thacaíocht a thabhairt don tithíocht shóisialta.

Ina theannta sin, is ábhar mór inní do shaoránaigh na hEorpa an inacmhainneacht tithíochta, agus tá siad ag súil le freagairt láidir ar an gceist. D'fhógair an tUachtarán toghaí von der Leyen sna Treoirí Polaitiúla go rabhtas leis an gcéad Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne dá raibh riamh ann a chur ar bun. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht ar na gnéithe a bhaineann leis an dúshlán tithíochta. I gcomhréir leis an litir mhísin a cuireadh chugam rannchuideoidh mé leis an Bauhaus Eorpach Nua agus leis an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, go háirithe trí leachtacht a instealladh sa mhargadh tithíochta agus trína chinntiú go mbeidh na Ballstáit in ann infheistíochtaí an Bheartais Comhtháthaithe i dtithíocht inacmhainne atá beartaithe a dhúbailt. Ó thaobh an Bheartais Comhtháthaithe de, beidh dlúthnasc idir an obair sin agus ceart fanachta éifeachtach a chinntiú do shaoránaigh.

Tá cáilíocht an stoic foirgneamh, arb é an tomhaltóir fuinnimh aonair is mó san Eoraip é, rithábhachtach chun ár spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach, agus chun an costas maireachtála a laghdú. Is deis thábhachtach iad na hathchóirithe ar fheidhmíocht fuinnimh agus athléimneacht foirgneamh a fheabhsú agus chun infhaighteacht spáis maireachtála a mhéadú, go háirithe i gceantair uirbeacha. Cé go bhfuil gá le hinfheistíocht láithreach, laghdaíonn athchóirithe an tomhaltas fuinnimh agus is féidir iad a úsáid chun dul i ngleic le bunchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh, rud a chuaigh i bhfeidhm ar 10.6 % de mhuintir na hEorpa in 2023, na daoine nach raibh in ann a dteach a choinneáil te go leor. Tabharfar aghaidh freisin ar an mbochtaineacht fuinnimh le Straitéis Frithbhochtaineachta an Aontais trí bhearta struchtúracha a mheas, go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh i dtithíocht agus rochtain ar fhuinneamh in-athnuaite.

Tá maoiniú á chur ar fáil cheana féin le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe chun tithíocht inacmhainne a thógáil agus a athchóiriú, chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus chun tacú le forbairt uirbeach. Leanfar den mhéid sin a dhéanamh leo le linn na tréimhse sin, in éineacht le hionstraimí eile, ar nós na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

Ceist ón gCoiste um Iompar agus um Turasóireacht

11. De réir na litreach misin comhfhreagraí, chuir an tUachtarán von der Leyen de chúram ar an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe a bheidh ann amach anseo 'an obair ar shoghluaisteacht agus turasóireacht inbhuanaithe a threorú chun codanna éagsúla den Eoraip a nascadh agus chun taca a chur faoi Mhargadh Aonair rathúil'. I ndáil leis an méid sin, tá tú in ainm a bheith ag tacú le hobair an Choimisinéara um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht a bheidh ann amach anseo. Cén rún atá agat chun an comhar sin a shaothrú agus cén straitéis agus cé na tosaíochtaí a bheadh agat don iompar agus don turasóireacht araon? I do cháil mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin atá freagrach as an mbeartas comhtháthaithe agus as an bhforbairt réigiúnach, beidh tionchar agat freisin ar chur i gcrích ghréasán TEN-T a bhfuil TRAN freagrach as. Conas a d'áiríteofa go ndéanfaí cur chun feidhme ghréasán TEN-T a mhaoiniú go leordhóthanach agus go mbeadh beartas comhtháthaithe an Aontais mar bhonn taca leis? Ina theannta sin, maidir leis an bhfreagracht atá ort as forbairt na réigiún is forimeallaí, na n-oileán, na gceantar tuaithe agus na gcathracha, cén ról, dar leat, atá ag an iompar, mar uirlis don chomhtháthú sóisialta agus don nascacht, agus cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat dul i ngleic leis an turasóireacht sna réimsí sin chun earnáil turasóireachta athléimneach, inbhuanaithe agus iomaíoch a chur chun cinn?

Creidim go bhfuil iompar inbhuanaithe agus turasóireacht rithábhachtach chun comhtháthú agus rathúnas na hEorpa a neartú. Tá an nascacht rithábhachtach chun feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair a chinntiú. Is réamhriachtanas don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus do shlí beatha na ndaoine é a ráthú gur féidir le gach saoránach agus gnólacht, cibé áit a bhfuil siad, rochtain a fháil ar iompar iontaofa inacmhainne chun a chinntiú go mbeidh siad nasctha leis an gcuid eile den Aontas agus leis an domhan i gcoitinne.

Ag an am céanna, tá gné chríochach thábhachtach ag baint leis an turasóireacht, agus tá cuid mhór réigiún san Aontas ag brath go mór uirthi. Nuair a dhéantar í a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, spreagann an turasóireacht

comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta réigiúin na hEorpa, go háirithe i gceantair iargúlta agus i gceantair thuaithe, áit a bhféadfadh sí a bheith ina foinse mhór ioncaim agus slite beatha do phobail áitiúla.

I ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht, tacóidh mé le hiarrachtaí ar bheartais an Aontais a ailíniú le riachtanais réigiúnacha. Cinntofar ar an gcaoi sin go dtabharfar aghaidh ar dhúshlán shonracha gach réigiúin agus fás eacnamaíoch, cuimsiú sóisialta agus inbhuanaitheacht chomhshaoil á gcothú ag an am céanna. I dteannta a chéile, déanfaimid cistiú ón Aontas a ghíaráil chun claochlú glas agus claochlú digiteach an dá earnáil a bhrú chun cinn sa chaoi go mbeidh siad níos athléimní agus go seasfaidh siad an aimsir níos fearr. Cinnteoidimid go mbainfear cothromaíocht amach idir na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil agus infheistíocht á déanamh san iompar inbhuanaithe agus sa turasóireachta chaoi gur féidir leis na réigiúin lánpháirtíú go héasca sa mhargadh aonair agus leas a bhaint as a n-acmhainneacht eacnamaíoch agus, ag an am céanna, tacú le spriocanna comhtháthaithe aeráide agus críochacha an Aontais, agus feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil. Ina theannta sin, táim cinnte de go bhfuil ról ríthábhachtach ag infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht iompair a fheabhsú maidir le forbairt shóisialta, forbairt eacnamaíoch agus comhtháthú. Sa chomhthéacs sin, oibreoidh mé chun rochtain leathan ar roghanna iompair inacmhainne a chinntiú do gach Eorpach. Tabharfar aghaidh freisin ar dhul i ngleic leis an mbochtaineacht iompair mar chuid den chéad Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta dá raibh ann riamh, straitéis a mbeidh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht i gceannas uirthi agus a gcuirfidh mé léi go fonnmar.

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom a chinntiú go n-éireoidh le cur chun feidhme an ghréasáin TEN-T. Is é an príomhchuspóir atá ann ár ngréasán TEN-T a thabhairt chun críche laistigh de na sprioc-amanna a comhaontaíodh agus bonneagar an Aontais a dhéanamh níos athléimní i gcoinne tubaistí nádúrtha. Mar chuid de sin díreofar ar na Ballstáit atá tite ar gcúl i leith bonneagar a fhorbairt agus infheistíocht a dhéanamh i gcodanna náisiúnta de chuid TEN-T chun go gcomhlíonfaidh siad caighdeán an Aontais agus chun go mbeidh siad nasctha le codanna trasteorann. I gcás na n-infheistíochtaí sin, tabharfar tús áite do roghanna iompair inbhuanaithe lena gcinntofar go gcuirfidh forbairt bonneagair le comhtháthú críochach agus inbhuanaitheacht chomhshaoil araon. Thairis sin, má dheimhnítear m'ainmnFúchán, tá sé de rún agam leanúint de bheith ag obair ar an deis a chur ar fáil nascacht inacmhainne, soghluaisteacht inacmhainne agus rochtain inacmhainne ar sheirbhísí criticiúla a bheith ann i réigiúin ina bhfuil córais iompair ar dhroch-chaighdeán, ar nós na réigiún tuaithe, na réigiún imeallach, na réigiún trasteorann agus na réigiún is forimeallaí agus soghluaisteacht inbhuanaithe a chothú i limistéir uirbeacha.

Ar an dara dul síos, déanfaidh mé mo dhícheall a chinntiú go mbeidh áit chóir ag an turasóireacht i gcláir chistúcháin agus gur leor an tsolúbthacht a bheidh ann ag an am céanna. Ós rud é go mbaianeann an iomad gnéithe léi, is féidir agus is ceart tacaíocht a thabhairt don turasóireacht i réimsí beartais éagsúla. Féachfaidh mé go háirithe ar dhúshlán na turasóireachta sna cathracha, sna hoileáin agus sna réigiúin is forimeallaí. Is é an rún atá agam cur leis na tionscnaimh atá ann cheana chun samhla turasóireachta uirbí inbhuanaithe a chur chun cinn chomh maith le dul i ngleic leis an nascacht, le tionchair an athraithe aeráide agus le dúshlán ardspleáchais, oibriú chun tacú le héagsúlú na samhla eacnamaíche agus réitigh nua a thástáil. Cuirfidh mé leis an obair leanúnach chun a chinntiú go mbeidh sé níos éasca dár ngnólachtaí turasóireachta agus dár n-ionaid chultúrtha teacht ar dheiseanna cistiúcháin – ar an leibhéal Eorpach, agus ar an leibhéal náisiúnta agus ar Fan leibhéal réigiúnach freisin.

Creidim go láidir gur cheart cineálacha cur chuige straitéiseacha agus comhtháite a chur ar fáil le haghaidh na turasóireachta chun dul i ngleic le dúshlán an dá earnáil, agus díriú ar shimpliú agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara áitiúla á gcur san áireamh, agus na páirtithe leasmhara sin a thabhairt isteach sa phróiseas lena saineofar na hidirghabhálacha is gá.

Ba cheart infheistíochtaí iompair a áireamh i bpleanáil chuimsitheach iompair, pleanáil ina n-áireofar mapáil ilmhódach ar bhonneagair atá ann cheana agus ar bhonneagair atá beartaithe, straitéisí soghluaisteachta inbhuanaithe agus infheistíochtaí sa ghréasán TEN-T san áireamh, agus béim á leagan ar phleananna oibre Chonairí Iompair Eorpacha TEN-T. Cuideoidh an straitéis sin le réigiúin a nascadh ar bhealach níos éifeachtaí le gréasán iompair níos mó, rud a rannchuideoidh le comhlánú an mhargaidh aonair agus a chothóidh forbairt eacnamaíoch, i gcomhréir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste.

Ba cheart gníomhaíochtaí turasóireachta a áireamh i straitéisí forbartha críocháil níos leithne. Trí infheistíochtaí turasóireachta a nascadh le pleananna forbartha áitiúla, le Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste, agus le tionscnaimh um chomhar críochach, is féidir linn a chinntiú go gcuirfidh an turasóireacht borradh faoi gheilleagair áitiúla agus go rannchuideoidh sí leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil. Tá an cur chuige sin sainithe go soiléir sa Chonair Aistrithe don turasóireacht agus i gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030. Chun é a chur chun feidhme ina iomláine, tá gá le cur chuige straitéiseach ar leibhéal an

Aontais chun go mbainfear leas as na huirlisí uile atá ar fáil, ó chistiú go beartais, chun an cuspóir céanna a bhaint amach.

Beidh sé rithábhachtach príomhról na n-éiceachóras iompair in bhuanaithe agus turasóireachta a chomhdhlúthú le chéile. Chonaicamar go léir le linn phaindeim COVID-19 cad a tharlaíonn nuair nach bhfuil aon turasóireacht ann agus nuair a dhéantar soghluaisteacht daoine a chiorrú. Bhí tionchar tubaisteach aige sin ar láidreacht chreatlach eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa. Théarnaigh an dá earnáil ó shin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is é mo shainchúram tógáil ar an téarnamh sin agus a chinntiú go mbeidh an téarnamh sin inbhuanaithe cothrom. Beidh tábhacht ar leith ag baint lena chinntiú ní hamháin go mbeidh limistéir iargúlta nasctha go maith, ach go mbeidh an t-iompar inacmhainne fós chomh maith. Dá uireasa sin, is ar éigean is féidir le muintir na gceantar sin tairbhe a bhaint as an turasóireacht inbhuanaithe.

Ceist ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

12. I do cháil mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, cén chaoi a dtabharfá faoin gcuspóir tras-Ard-Stiúrthóireachta maidir le haghaidh a thabhairt ar na cúiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le cáilíocht saoil a chothabháil agus a fheabhsú i gceantair thuaithe? Cén chaoi a ndéanfá an bhearna idir ceantair uirbeacha agus thuaithe a laghdú, forbairt bonneagar a chur chun cinn, tacú leis an aistriú digiteach, rochtain ar sheirbhísí a éascú agus ceantair thuaithe a dhéanamh níos tarraingtí go ginearálta d'fheirmeoirí agus do ghnólachtaí araon? Cén dearcadh atá agat ar an gComhshocrú um an Tuath agus ar a fhorbairt bhreise? Maidir le maoiniú, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat a áirithiú go mbeidh cistí agus beartais an Aontais comhlántach chun tacú le ceantair thuaithe agus go mbeidh rochtain ag geallsealbhóirí áitiúla ar fhaisnéis?

Aontaím go hiomlán le cuspóirí na fise fadtéarmaí i leith cheantair thuaithe an Aontais. Sa doiciméad réamhbhreathnaitheach sin tá tuairisc ar na dúshláin atá ann cheana maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i gceantair thuaithe, chomh maith leis na deiseanna atá fós le tapú. Tá sé de rún agam comhordú a chinntiú idir beartais earnálacha éagsúla a bhfuil tionchar acu ar cheantair thuaithe, go háirithe an Beartas Comhtháthaithe agus an Comhbheartas Talmhaíochta, atá comhlántach maidir le rannchuidiú le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach san Eoraip agus, chomh maith leis sin, an earnáil a dhéanamh níos inbhuanaithe. Ceann de na príomhghnéithe a bheadh i gceist ansin, promhadh leas na tuaithe thionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha an Choimisiúin Eorpaigh a neartú, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa ar thionscnamh an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe sa rún a thug sé uaidh an 13 Nollaig 2022. Geallaim go n-eagróidh mé an comhar is gá idir Coimisinéirí, chun a chinntiú go mbeidh forbairt eacnamaíoch, iomaíochas agus tarraingteacht na gceantar tuaithe cumhdaithe in iarrachtaí pleanála agus buiséadacha amach anseo.

Is bunchlocha iad an rochtain ar sheirbhísí, ar bhonneagar, ar nascacht dhigiteach agus ar scileanna chun an fhiontraíocht a dhéanamh níos tarraingtí sna réimsí sin, an tionscal talmhaíochta agus bia i dtús báire, tionscal atá éirithe ina chrann taca ag an tuath leis na blianta. Mar sin féin, tá easpa seirbhísí i gceantair thuaithe iargúlta agus bhánaithe go háirithe. Ní mór dúinn a chinntiú gur gnáthsheirbhísí seachas seirbhísí daorluacha iad an cúram sláinte, an t-oideachas agus na seirbhísí sóisialta. Ba cheart dúinn a chinntiú go mbeidh siad ar fáil go forleathan don phobal mar atá beartaithe i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go saothróidh mé agus go dtreiseoidh mé plean gníomhaíochta na fise fadtéarmaí do cheantair thuaithe an Aontais, áit inar cheart áit lárnach a bheith ag cruthú gnólachtaí nua, tacaíocht do na gnólachtaí atá ann cheana, feabhsú seirbhísí agus tacaíocht don nuálaíocht, go háirithe an nuálaíocht dhigiteach, feasta. Ní mór dúinn beartais náisiúnta agus réigiúnacha a ailíniú le tosaíochtaí agus sruthanna cistiúcháin an Aontais chun a dtionchar a uasmhéadú. Is féidir é sin a bhaint amach trí chur chun feidhme straitéisí iomlánaíochta a spreagadh le haghaidh ceantair thuaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach lena gcinnteofar pleanáil chuimsitheach agus comhar idir gach leibhéal rialachais, i gcomhréir leis an bhFís don Tuath. Cinnteoidh mé go gcuirfeadh idirphlé ar bun le pobail tuaithe, go háirithe le daoine óga faoin tuath. Tá sé léirithe gur fóram tábhachtach le haghaidh an chomhair é an Comhshocrú um an Tuath agus tá sé ag leanúint shampla na hidirghníomhaíochta idir páirtithe leasmhara uirbeacha. Chuidigh gníomhaíochtaí an Chomhshocráithe um an Tuath le guthanna na tuaithe a mhéadú, líonrú a chumasú, agus gníomhaíocht a spreagadh le haghaidh ceantair thuaithe. Ós rud é gur éirigh go maith leis an gcur chuige a bhaineann leis, geallaim go leanfaidh mé de bheith ag tacú leis an gcomhshocrú um an Tuath agus, i gcás inar gá, go ndéanfaidh mé é a dhoimhniú agus a fheabhsú.

Sa lá atá inniu ann, tá raon leathan uirlisí críochacha agus ionstraimí beartais eile ina gcuid de threalamh bheartais an Aontais atá éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin tuaithe, go háirithe laistigh den dara colún de CBT ina bhfuil cláir ar nós LEADER, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a léirigh a mbeirsluach roimhe sin, chomh maith le Sráidbhailte Cliste, ach tá straitéisí le haghaidh forbairt chríochach chomhtháite sa cholún sin freisin. Sa chéad bhliain tar éis dom dul isteach san oifig, déanfaidh mé machnamh ar a bhfuil ann faoi láthair agus

déanfaidh mé measúnú ar conas na huirlisí reatha a dhéanamh níos éifeachtúla chun tacú leis na pobail tuaithe agus leis na feirmeoirí atá ag gabháil leo i dtreo na samhlacha táirgthe is fearr a chomhcheanglaíonn na trí leibhéal inbhuanaitheachta: an ghné shóisialta, an ghné eacnamaíoch agus an ghné chomhshaoil.

Cuireann an beartas comhtháthaithe tacaíocht fhorleathan ar fáil freisin do cheantair thuaithe, go háirithe le hidirghabhálacha críochacha comhtháite, idirghabhálacha atá dírithe ar idirghníomhaíochtaí idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe a neartú i gcomhthéacs na forbartha uirbí inbhuanaithe san áireamh. Baineann ceantair thuaithe tairbhe freisin as tacaíocht do cheantair uirbeacha bheaga, a fheidhmíonn mar phointí ancaire agus mar mhoil bhonneagair agus seirbhíse do cheantair thuaithe.

Cibé dearadh a bheidh ar an gcéad ollstruchtúr cistí eile de chuid an Aontais, atá le sainiú fós, ní mór dúinn a ráthú go ndéanfar riachtanais mhuintir na tuaithe a shainaithint go soiléir, go dtabharfar aghaidh orthu mar is ceart agus go gcuirfear i gcroílár na mbeartas éagsúil iad. Tá gá le measúnú ar an gcaoi a ndírítear ar phobail tuaithe. I ndáil leis sin, beidh sé rithábhachtach cuspóirí agus táscairí sonracha a bheith againn i leith ceantair thuaithe i gcistí agus i mbeartais an Aontais amach anseo. Rannchuideofar leis an gcuspóir sin trí neartú a dhéanamh ar an bhFaireachlann Tuaithe a cruthaíodh le déanaí. Beidh sé rithábhachtach a chinntiú go mbeidh uirlisí éifeachtacha i bhfeidhm chun go mbeidh páirtithe leasmhara áitiúla agus tuaithe in ann páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas, na feirmeoirí agus na táirgeoirí agraibhia i dtús báire. Beidh sé ina thosaíocht agam cur lena n-acmhainneacht rochtain a fháil ar chistí ón Aontas, cumarsáid a dhéanamh, le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh líonrúcháin, maidir leis na deiseanna atá ann cheana ar nós an bhosca uirlisí maidir le cistiú ón Aontas do cheantair thuaithe.

Ceist ón gCoiste um Iascach

13. Conas a dhéanfaí earnáil an iascaigh níos athléimní, níos inbhuanaithe agus níos iomaíche sa mhargadh domhanda, a rannchuideodh le hathnuachan ó ghlúin go glúin agus a rachadh chun tairbhe do phobail chósta agus do na réigiúin is forimeallaí, agus comhtháthú na gcríoch sin á áirithiú ag an am céanna agus laistigh de chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip?

Tá todhchaí na hiascaireachta ag brath, ó thaobh na heacnamaíochta de agus mar earnáil atá tarraingteach do dhaoine óga, ar aigéan sláintiúil, ar stoic éisc fhliúirseacha, agus ar thiomantas don tsábháilteacht agus don nuálaíocht. Beidh sé rithábhachtach an chothromaíocht chearta a bhaint amach idir acmhainní iascaigh a bhainistiú, ár muirthimpeallacht a chosaint, agus infheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí an iascaigh, chun inmharthanacht fhadtéarmach thionscal na hiascaireachta a chosaint, go háirithe an cabhlach mionscéala.

Má dheimhnítear m'ainmníúchán, tacóidh mé leis an gCoimisinéir um an Iascach agus na hAigéin ina mhisean.

Chun an athléimneacht a láidriú, ba cheart, i gcás chistí an bheartais comhtháthaithe agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) araon, a bheith ag leanúint de bheith ag tabhairt tús áite d'infheistíochtaí sa nuálaíocht agus sa nuachóiriú laistigh den chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair. Trí CEMID, leanfaimid de bheith ag tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus sinn ag lorg cothromaíocht uailmhianach idir an choimirce riachtanach a thabhairt do na stoic éisc agus athléimneacht na hearnála a neartú. Tá ról lárnach ag Cistí an bheartais comhtháthaithe agus CEMID araon maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán uathúla atá os comhair réigiúin chósta an Aontais, ó chósta na Meánmhara go cósta an Atlantaigh, agus na réigiún is forimeallaí, a bhíonn ag brath go mór ar an iascach go minic. Tá na limistéir sin níos leochaílí i leith luaineachtaí eacnamaíocha agus athruithe comhshaoil, agus mar sin tá sé rithábhachtach tacaíocht spriocdhírthe a chur ar fáil chun a chinntiú go mbeidh siad athléimneach trí réitigh a fhorbairt lena ráthófar caighdeán táirgthe a bheidh coibhéiseach leis na caighdeán táirgthe a bhaineann le comhpháirtithe trádála na dtrí tíortha. Leanfaimid de bheith ag tabhairt tús áite don chistiú le haghaidh forbairt bonneagair sna réigiúin sin sa chaoi go bhfeabhsófar an nascacht agus an rochtain ar mhargaí. Ina theannta sin, tacóimid le hearnáil an iascaigh agus lena dícharbónú agus lena haistriú digiteach, ach, chomh maith leis sin, le dobharshaothrá inbhuanaithe agus le hearnálacha nua an gheilleagair ghoirm atá ag teacht chun cinn, chun go mbeidh pobail chósta in ann tairbhe a bhaint as geilleagair éagsúlaithe. Má dheimhnítear m'ainmníúchán, tabharfaidh mé aird ar leith ar dhul i ngleic leis na héagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha sna réigiúin is forimeallaí. Is féidir Cistí an bheartais comhtháthaithe agus CEMID araon a úsáid chun cuidiú leis an gcuimsitheacht a chur chun cinn, trí chúnamh airgeadais spriocdhírthe a chur ar fáil d'iascairí ar mionscéala agus trí thionscadail nuálaíochta sóisialta a chur chun cinn lena gcomhtháthófar an t-iascach, go háirithe an t-iascach mionscéala, i straitéisí forbartha réigiúnaí níos leithne.

Ar deireadh, tacóidh mé go láidir leis an gCoimisinéir um an Iascach agus na hAigéin agus é ag forbairt fis shoiléir d'earnáil iascaigh athléimneach inbhuanaithe iomaíoch ag féachaint do spriocanna 2040, chun straitéis

iomlánaíoch réamhbhreathnaitheach uailmhianach a chur i bhfeidhm i leith an aigéin, tríd an gComhshocrú Eorpach um na hAigéin, agus chun tosaíocht de chuid an Aontais a chur chun cinn, mar atá cothrom iomaíochta a chinntiú idir an tAontas agus tríú tíortha.